# Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ

## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2018







# Clár Ábhair


Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 1
Ráiteas an Chathaoirligh 2
Athbhreithniú Airgeadais 8
Conradh OSP 14
Seirbhís do Chách 16
Athbhreithniú ar Oibríochtaí 20
Athbhreithniú ar Chúrsaí Comhshaoil in CIÉ 36
Comhaltaí an Bhoird 42
Coistí an Bhoird 43
Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann 44
Ráiteas Rialachais Chorparáidigh 47
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird 53
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách 54
Ráitis Airgeadais 57




# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin

**Ioncam Ghrúpa CIÉ**

2018
€1,315m

2017
€1,239m

**Líon na bhfostaithe i nGrúpa CIÉ**

2018
10,046

2017
10,098

**Aistir Custaiméirí le Grúpa CIÉ**

2018
275m

2017
264m

**Aistir Custaiméirí le hIarnród Éireann**

2018
48m

2017
46m

**Aistir Custaiméirí le Bus Éireann (gan Iompar Scoile san áireamh)**

2018
42m

2017
38m

**Líon na nAistear Custaiméirí – Bus Átha Cliath**

2018
144m

2017
139m

**Líon na nAistear Custaiméirí – Iompar Scoile**

2018
42m

2017
41m

# Ráiteas An Chathaoirligh



*Is é an sprioc atá ag Grúpa CIÉ ("an Grúpa") seirbhísí tarraingteacha iompair phoiblí a chur ar fáil, rud a thacaíonn leis an bhfás leanúnach ar gheilleagar na hÉireann agus leis an gcomhtháthú sóisialta.*

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ i leith na bliana 2018 a chur i láthair, ina léirítear an ról atá ag CIÉ mar phríomhsholáthraí seirbhísí iompair phoiblí ar oileán na hÉireann. Tháinig méadú 11.5 milliún (4.4%) ar líon na n-aistear custaiméirí, go 275.1 milliún, rud a d'fhág gur tháinig méadú €72.1 milliún (7.7%) ar ioncam oibriúcháin an Ghrúpa.**

Is é an sprioc atá ag Grúpa CIÉ ("an Grúpa") seirbhísí tarraingteacha iompair phoiblí a chur ar fáil, rud a thacaíonn leis an bhfás leanúnach ar gheilleagar na hÉireann agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Is ag an nGrúpa amháin atá an acmhainn chun bainistíocht a dhéanamh ar réitigh iompair phoiblí ar fud na hÉireann, ar réitigh ardchaighdeáin iad atá éifeachtach ó thaobh costais de. I leith a chúraimí go léir, bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar lena scairshealbhóir, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus leis an rialtóir, an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

## Seirbhís do Chách

Sa ról atá aige mar phríomhsholáthraí seirbhísí iompair phoiblí sa Stát, tá Grúpa CIÉ tiomanta do sheirbhísí inrochtana a sholáthar dá chustaiméirí go léir. Gabhann CIÉ buíochas leis an Aire agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair as a dtiomantas do mhaoiniú a dhéanamh ar an bhflít feithiclí atá de dhíth agus ar an mbonneagar atá riachtanach chun seirbhísí a sholáthar atá inrochtana do chách, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Agus muid ag tabhairt faoin infheistíocht faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, beidh riachtanais na gcustaiméirí go léir ina gcuid lárnach dár bpleanáil agus do na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Le linn na bliana 2018, leanamar ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú gníomhach ar ár gcláir rannpháirtíochta custaiméirí agus foirne lena chinntiú go mbeimid ag díriú i gcónaí ar fheabhas a chur ar chúrsaí inrochtaineachta ónár gcuid acmhainní oibriúcháin féin.

## Conarthaí Dámhachtana Dírí 2019

Le linn 2018, d'fhógair an tÚdarás Náisiúnta Iompair go raibh sé ar intinn aige comhaontú a lorg le fochuideachtaí de chuid Ghrúpa CIÉ ar chonarthaí nua dámhachtana dírí ón tréimhse dar tosach Nollaig 2019. Cumhdófar leis na conarthaí sin 100% de leibhéil seirbhíse reatha Bhus Átha Cliath agus 95% ar a laghad de sheirbhísí Bhus Éireann. Tá Iarnród Éireann ag dul i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair faoi láthair maidir leis an gcéad chonradh dámhachtana dírí eile, a gcuirfear tús leis i mí na Nollag 2019.

Cuirim fáilte roimh na fógraí sin agus geallaim go mbeimid ag obair i ndlúthchomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair i dtaca leis na conarthaí sin i leith seirbhísí iompair phoiblí a chur ar fáil, lena dtacófar leis an bhforbairt gheilleagrach agus leis an gcomhtháthú sóisialta ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Beidh Grúpa CIÉ ag díriú go mór ar an méid sin in 2019.

## Oscailt an Mhargaidh

In 2018 tugadh isteach iomaíocht i margadh na seirbhísí bus i mBruach-Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí Bus Átha Cliath ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair lena chinntiú go n-aistreofaí seirbhísí chuig oibreoir nua ar bhealach réidh éifeachtúil agus, an tráth céanna, lean sé ar aghaidh ag cur lena chumas chun freastal ar an éileamh ar iompar poiblí laistigh dá ghréasán féin, éileamh atá ag dul i méid.

In 2018 rinne Bus Éireann leathnú ar na seirbhísí bus i bPort Láirge tar éis gur éirigh leis an tairiscint a chuir sé isteach ar chonradh i gcomhair seirbhísí sa chathair sin. I rith 2019 beimid ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san Údarás Náisiúnta Iompair lena chinntiú go ndéanfar aistriú réidh chuig an oibreoir nua ar roinnt de na seirbhísí comaitéireachta atá á bhfeidhmiú faoi láthair ag Bus Éireann, ós rud é go bhfuil an próiseas tairisceana i gcomhair na seirbhísí sin tugtha chun críche.

## Cúrsaí Airgeadais

Cé go raibh méadú nach beag fós ann in 2018 ar an éileamh ar sheirbhísí iompair phoiblí, is beag athrú a tháinig ar an mbrabús oibriúcháin sa tréimhse sin. Bhí an méadú ar an ioncam á chúiteamh ag an laghdú ar an maoiniú ón Státchiste i leith oibríochtaí. Dá bhrí sin, is ábhar imní fós é staid airgeadais ghlan an Ghrúpa agus an staid sin ag cur ár ndúshláin go fóill.

## Pinsin

Tá easnamh pinsin Ghrúpa CIÉ ina chúis mhór leis an staid lag ina bhfuil cúrsaí airgeadais an Ghrúpa. Bhí luach dhliteanais fhabhraithe na Scéimeanna €547 milliún ní ba mhó ná a gcuid sócmhainní ag deireadh na bliana 2018. Tá áthas orm a thuairisciú gur tháinig feabhas éigin ar an staid sin i rith na bliana. Ba é an phríomhchúis leis sin ná an t-athrú a tháinig ar an ráta lascaine a úsáidtear chun dliteanais sa todhchaí a thomhas. Níl an ráta lascaine faoi smacht an Ghrúpa, áfach, agus is féidir le hathruithe réasúnta mór teacht air le himeacht ama. D'fhéadfadh athruithe mór teacht ar luach dhliteanais na Scéimeanna agus is cúis mhór imní é sin go fóill do CIÉ toisc go gcuireann sé i mbaol san fhadtréimhse seasmhacht an tsoláthair pinsin a bheidh ar fáil dár lucht saothair.



*Ráiteas An Chathaoirligh (ar lean)*

Mar sin, cé gur bhliain réasúnta maith a bhí in 2018 dúinn, níor cheart dúinn na maidí a ligean le sruth ó thaobh feidhmíochta ar an mbonn sin. I bhfianaise luaineacht an ráta lascaine agus an nochtadh leanúnach do thorthaí an mhargaidh infheistíochta, ní mór dúinn teacht ar chomhaontú lenár bhfoireann maidir le bearta chun na rioscaí a bhaineann leis na Scéimeanna a mhaolú a thuilleadh agus soláthar a dhéanamh d'inbhuanaitheacht na bpinsean san fhadtréimhse.

Is cúis bhuartha dom go fóill go bhfuil sé deimhnithe nach bhfuil na Tograí Maoinithe atá ann cheana féin, a ceadaíodh in 2013 agus a bhí ceaptha na Scéimeanna a fhágáil i riocht sócmhainneach faoi mhí na Nollag 2023, ag cloí leis an bplean. A fhad is a bheidh an cás amhlaidh, cuirtear leis an mbaol nach mbeidh na pinsin slán sábháilte amach anseo do dhaoine atá fostaithe againn anois. Ní mór d'Iontaobhaithe agus Coiste Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus ó Iontaobhaithe na Scéime Pá Riatla togra maoinithe athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean chun dul i ngleic leis an easnamh atá ann cheana agus é ina chuspóir fáil réidh leis i gcomhréir leis an gCaighdeán Maoinithe Íosta.

Tá CIÉ fós tiomanta do na leibhéil mhaoinithe atá leagtha amach i dTograí na bliana 2013. Tá an Grúpa fós ag díriú go mór ar mholtaí a fhorbairt ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun na rioscaí a bhaineann leis na Scéimeanna a mhaolú agus, ar an gcaoi sin, rathú níos mó a thabhairt maidir le seasmhacht na sochar pinsin san fhadtréimhse.

## Straitéis an Rialtais

Fáiltíonn an Grúpa roimh an bhfeabhas leanúnach atá ag teacht ar gheilleagar na tíre agus, go háirithe, roimh an gCreat Pleanála Náisiúnta 2040 agus an bhéim straitéiseach ar Iompar Poiblí atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil agus ar an nGníomhú ar son na hAeráide. Comhlánaíonn an dá thosaíocht sin na príomhluachanna atá ag Grúpa CIÉ.

## Cúrsaí Comhshaoil

Tá an Grúpa fós ag streachailt le timpeallacht níos glaine agus tacaíonn sé le húsáid feithiclí atá tíosach ar bhreosla agus seirbhísí iompair phoiblí á soláthar aige. Measann an Grúpa go laghdaítear astaíochtaí carbóin in aghaidh an duine de bhreis is 80% nuair a úsáidtear seirbhísí iompair phoiblí i gcomparáid le mótarfheithiclí príobháideacha.

## Fás Geilleagrach

Toisc go bhfuil borradh faoin ngeilleagar in Éirinn le tamall anuas, tá dúshláin le sárú againn i dtaobh brú tráchta agus i dtaobh soghluaisteacht inbhuanaithe a bhaint amach do dhaonra atá ag dul i méid. Ar aon dul le Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, aithníonn Iarnród Éireann go bhfuil sé freagrach as rogha cheart a thairiscint in áit iompar príobháideach do líon mór paisinéirí. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil gach oibritheoir iompair phoiblí sa Ghrúpa fós ag cur béim mhór ar ghréasán sábháilte, éifeachtach seirbhísí a sholáthar do na custaiméirí go léir.



## Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó in Éirinn. In 2018, chuir Bus Átha Cliath lena chuid seirbhísí agus tháinig méadú 2.9% ar líon na n-aistear paisinéirí, go dtí breis is 143 milliún aistear paisinéirí san iomlán. Is cuid thábhachtach é Bus Átha Cliath de ghréasán iompair Bhaile Átha Cliath, agus baineann an-tábhacht le héifeachtacht a chuid oibríochtaí do gheilleagar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, choinnigh Bus Átha Cliath leis an infheistíocht a dhéanann sé i bhflít feithiclí nua-aimseartha. Fáiltíonn CIÉ roimh thionscnaimh atá dírithe ar roghanna eile a chur i bhfeidhm in ionad busanna a bhíonn ag brath ar dhíosail amháin mar bhreosla. Tá tús curtha le trialacha ar fheithiclí hibrideacha chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú sna blianta amach romhainn.

Ag deireadh 2018, tugadh i gcrích, a bheag nó a mhór, aistriú réidh roinnt seirbhísí bus i mBruach-Chathair Bhaile Átha Cliath chuig oibreoir nua. Tá Bus Átha Cliath tiomanta do bheith ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun aistriú réidh a dhéanamh in 2019 ar an gcuid eile de na seirbhísí a cuireadh amach ar conradh.

## Bus Éireann

Le linn 2018, chuir Bus Éireann 42.0 milliún aistear paisinéirí ar bun (gan aistir scoile san áireamh). Is ionann sin agus méadú 4.2 milliún paisinéir (11.1%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Tá ról ríthábhachtach ag Bus Éireann maidir lena chinntiú go bhfuil naisc iompair phoiblí ar fáil i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann agus soláthraíonn sé seirbhís an-tábhachtach do Sheirbhís Iompair Scoile atá sábháilte, éifeachtach. Chuir Bus Éireann breis agus 425 seirbhís nua ar bun faoin Scéim Iompair Scoile in 2018.

Níl aon amhras faoi gur cuireadh dúshlán Bhus Éireann in 2018. Bhí staid airgeadais na cuideachta imithe chomh mór in olcas gurbh éigean athrú bunúsach a dhéanamh ar fud struchtúr na heagraíochta agus ar a samhail ghnó ionas go mbeadh an gnó inbhuanaithe.

Le roinnt blianta anuas, chaill Bus Éireann airgead ar na hoibríochtaí agus tháinig meath dá réir ar a staid airgeadais. D'ullmhaigh Bus Éireann Plean maidir le hAthrú ó Bhonn, plean bunúsach ina gcuimsítear na hathruithe fairsinge atá ag teastáil chun tacú leis an ngnólacht ionas go dtiocfadh sé slán, agus chomhaontaigh sé an plean sin. Ba í 2018 an chéad bhliain iomlán inar cuireadh an plean i bhfeidhm, agus bhíomar sásta tríd is tríd leis an gcaoi ar éirigh linn a chuspóirí a bhaint amach. Thug sé ugach dúinn dá bhrí sin gur tháinig feabhas ar bhrabús oibriúcháin an ghnólachta.

Ní mór leanúint leis an dul chun cinn, áfach, lena chinntiú go dtabharfar i gcrích gach gné den athrú ó bhonn ar an ngnó. B'éigean do gach grád foirne íobairt éigin a dhéanamh ionas go bhféadfadh an gnólacht teacht slán. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann as a dtiomantas don chomhaontú a chur chun feidhme. Tá dúshláin fós romhainn maidir le feidhmiú iomlán a dhéanamh ar an bPlean. Cé go bhfuil muinín agam go fóill gur féidir na hathruithe go léir a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm, leis an tacaíocht leanúnach atá de dhíth ón bhfoireann, tá an baol fós ann nach mbeidh an gnólacht inbhuanaithe san fhadtréimhse má bhíonn moill ann maidir leis an bplean chur i bhfeidhm.

## Iarnród Éireann

In 2018, chuir Iarnród Éireann lena chuid seirbhísí agus tháinig méadú 5.3% ar líon na n-aistear paisinéirí. Áiríodh leis sin leathnú ar na seirbhísí DART i rith laethanta na seachtaine sa chaoi is go raibh siad ag rith níos minicí, agus i mí na Nollag tháinig méadú nach beag ar líon na seirbhísí comaitéireachta seachbhuaice, seirbhísí Mhaigh Nuad, an Tuaiscirt agus Thollán Pháirc an Fhionnuisce ina measc. In 2018, sholáthair Iarnród Éireann 2.5 milliún aistear paisinéirí breise, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na n-aistear paisinéirí cothrom le 47.9 milliún in aghaidh na bliana – an bhliain ab fhearr fós don chuideachta.

Ina theannta sin, ina ról mar Údarás Calafoirt do Europort Ros Láir, d'fhorbair an chuideachta plean straitéiseach nua faoinar moladh infheistíocht €25 milliún a dhéanamh in áiseanna, bonneagar agus teicneolaíocht an chalafoirt sna cúig bliana amach romhainn. Dírítear ar ghnó nua sa phlean trí mheán cuideachtaí agus bealaí loingseoireachta nua, agus cuirfidh sé Europort Ros Láir sa riocht is gur féidir leis deiseanna a eascraíonn ón mBreatimeacht a thapú.

## CIÉ Tours

Bhí bliain den scoth ag CIÉ Tours arís in 2018 agus tháinig méadú 1.8% ar líon na gcustaiméirí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Tá ag éirí le CIÉ Tours dul i ngleic leis na dúshláin sa tionscal, lena n-áirítear ganntanas lóistín i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus tá sé ag ullmhú faoi choinne aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht ar shaorghluaiseacht daoine idir Éire, Tuaisceart Éireann agus an Bhreatain Mhór.

*Ráiteas An Chathaoirligh (ar lean)*

## Maoin de chuid CIÉ

Tá CIÉ tiomanta do bheith ag obair le gníomhaireachtaí Stáit eile lena chinntiú go mbainfear an úsáid is táirgiúla is féidir as a chuid sócmhainní maoine, ag tógáil ar a ghaire atá siad do bhonneagar iompair.

Le linn na bliana, rinne CIÉ athbhreithniú gníomhach ar a phunann mhaoine lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht go hiomlán leis na tionscnaimh straitéiseacha fhadtéarmacha atá ag an nGrúpa maidir le hiompar poiblí a sholáthar.

De réir mar a thiocfaidh méadú ar an ngníomhaíocht forbraíochta, leanfaidh CIÉ ar aghaidh ag fáil luach fadtéarmach ó thráchtálú a dhéanamh ar a phunann mhaoine, ar leis an Stát í sa deireadh thiar. Ina leith sin, beidh CIÉ ag obair i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus le hÚdaráis Áitiúla lena chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as tailte atá faoi smacht CIÉ.

Déantar an t-ioncam ó mhaoin a leithdháileadh go hiomlán do na fochuideachtaí, rud a laghdaíonn an costas iomlán atá ar an Stát i dtaobh Seirbhísí Iompair Phoiblí a sholáthar.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Tá CIÉ agus a fhochuideachtaí tiomanta do bheith ag feidhmiú de réir ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh mar a léirítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is comhpháirt lárnach é Bord iomlán a bheith ann i dtaobh an córas srianta agus ceartúchán a sholáthar laistigh den phróiseas rialachais foriomlán. Tá áthas orm a thabhairt ar aird go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir lena chinntiú go mbeidh líon iomlán na gcomhaltaí boird ag gach Cuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ chomh luath agus is féidir. De bharr líon na bhfolúntas Boird a bhí ann in 2018, bhí brú mór ar an rialachas corparáideach ar leibhéal an Bhoird. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar na Boird as a bheith ag obair i gcomhar liom chun maoluithe éifeachtacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir leis na rioscaí a bhí ann de bharr na bhfolúntas sin.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Shane Ross, agus leis na hoifigigh sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is mór againn an tacaíocht a thug siad don Ghrúpa i rith na bliana.

Bíonn an Grúpa ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Tríd an rannpháirtíocht chomhoibríoch sin, is féidir linn a bheith ag obair leis an Scairshealbhóir agus leis an Údarás chun réitigh a chur i bhfeidhm a thugann fíorluach do na custaiméirí. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chúnamh a thug oifigigh ón Roinn Iompair agus ón Údarás Náisiúnta Iompair dúinn sa phróiseas comhoibríoch gníomhach sin atá ar bun.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don chion mór a rinne Niamh Walsh Uasal nuair a d'fhóin sí mar Chomhalta Boird. Ba chúis mhéala dúinn é go bhfuair sí bás i mí Iúil 2018. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin le Christine Moran Uasal agus leis an Uasal Ruairí O'Flynn as a gcuid oibre mar Chathaoirligh ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar Choiste Straitéise an Bhoird faoi seach. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal John Moloney a ceapadh ar dtús ar an mBord mar Oibrí is Stiúrthóir i mí na Nollag 2005 agus a chuaigh ar scor i mí na Bealtaine 2018.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le Comhaltaí Boird agus Stiúrthóirí na bhfochuideachtaí go léir as an gcúnamh agus an tacaíocht a thugann siad dá bhfochuideachtaí féin agus do CIÉ. Is mór agam é go dtugann siad a gcuid ama go flaithiúil chun fónamh mar chomhaltaí Boird agus ar na coistí agus na grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha éagsúla laistigh den Ghrúpa.

**Fiona Ross**
Cathaoirleach



R LANSDÚN
DART 25
Keep behind This Line
40

# Athbhreithniú Airgeadais

## Ioncam

**Chuir an Grúpa 7.7% leis an ioncam a fuair sé ó tháillí agus ioncam tráchtála, ar bhonn méadú 4.4% ar líon na n-aistear a rinne paisinéirí in 2018 agus ar bhonn aistriú chuig táillí a bhfuil toradh níos fearr le fáil orthu. Tá an luach maith ar airgead atá le fáil ar na táillí ar an gCárta Leap fós ina chúis le meath a bheith ag teacht ar an ioncam foriomlán in aghaidh an phaisinéara. Tháinig méadú 6.2% ar an ioncam iomlán, lena n-áirítear fóirdheontais agus maoiniú ón Státchiste.**

## Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála €m




## Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála

Ba é €1,004 milliún ioncam an Ghrúpa ó oibríochtaí in 2018 agus is féidir miondealú a dhéanamh air sin de réir cuideachta mar a léirítear sa ghraf den Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála.



## TRÚCDA

Is beag atá idir tuilleamh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh (TRÚCDA) na bliana 2018 agus figiúr na bliana 2017, ach tá roinnt athruithe suntasacha tagtha ar chomhdhéanamh na feidhmíochta sin. Léiríonn torthaí oibriúcháin an Ghrúpa i leith na bliana 2018 TRÚCDA €29 milliún. Feabhas éigin atá i gceist ansin i gcomparáid le 2017. Taispeántar mionsonraí na gluaiseachta san TRÚCDA thíos.

Taispeántar an tábla gur chuir an méadú nach beag ar ioncam ó tháillí ar a chumas do Ghrúpa CIÉ níos mó seirbhísí a sholáthar, a easnamh i dtaobh cothabháil an bhonneagair a laghdú agus laghdú a dhéanamh ar an maoiniú a bhí de dhíth ón Státchiste i gcomhair costais oibriúcháin.

Is iad na príomhchúiseanna leis an athrú ar an TRÚCDA:


(i) Rinneadh 275.1 milliún aistear paisinéirí i rith na bliana, sin 4.4% níos mó ná líon na bliana roimhe sin. Bhí tionchar aige sin, agus ag na táillí a cinneadh le ceadú ón Údarás Náisiúnta Iompair, ar an méadú foriomlán 7.7% a tháinig ar an ioncam i leith na bliana;

(ii) Tá gaol idir an t-ardú ar chostas ábhar agus seirbhísí agus méid na seirbhísí den chuid is mó, agus tá an t-ardú sin bunaithe go príomha ar an infheistíocht bhreise i gcothabháil an bhonneagair in Iarnród Éireann, atá á cúiteamh den chuid is mó ag an méadú ar an teacht isteach ó Chlár an Státchiste um Maoiniú na Cothabhála;

(iii) Tháinig méadú thart ar 3.6% ar na costais phárolla i gcomparáid le 2017, rud a léiríonn an tionchar a imríodh i mbliain iomlán de bharr arduithe pá a caibidlíodh in Iarnród Éireann agus i mBus Átha Cliath in 2018, mar aon leis an ngníomhaíocht thionsclaíoch i mBus Éireann in 2017, nár bhain ach leis an mbliain sin amháin; agus


(iv) Tháinig méadú ar chostais na gConraitheoirí Scoile de bharr leathnú nach beag a rinneadh ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana.

### Gluaiseacht san TRÚCDA 2017 go 2018 (€m)



*Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)*

## Gluaiseacht san Easnamh ó 2017 go 2018 (€m)




## Easnamh i leith na Bliana

**Thabhaigh an Grúpa glan-easnamh €35 milliún in 2018. Feabhas suntasach €8 milliún a bhí i gceist ansin i gcomparáid le heasnamh €43 milliún i leith na bliana roimhe sin, mar a léirítear thuas.**

Léirítear sa tábla gurb iad na cúiseanna leis an bhfeabhas ar fheidhmíocht an Ghrúpa:

(i) Áiríodh i bhfigiúirí na bliana 2017 na costais eisceachtúla aonuaire de bharr an Phlean maidir le hAthrú ó Bhonn a chuir Bus Éireann i bhfeidhm;

(ii) laghdú ar an nglanmhuirear dímheasa; arna chúiteamh ag

(iii) áiríodh le figiúirí na bliana 2017 brabús aonuaire de bharr diúscairt nach beag maoine.

## Saoráidí Baincéireachta

**Bainistíonn an Grúpa a chuid riachtanas ciste trí shaoráidí baincéireachta tiomanta.**

I mí Eanáir 2018, d'éirigh leis an nGrúpa athmhaoiniú a dhéanamh ar a chuid saoráidí baincéireachta. Is saoráid thiomanta €108 milliún atá i gceist ar feadh tréimhse thosaigh cúig bliana le dhá rogha chun síneadh bliana a chur léi, is infheidhmithe le toiliú an dá pháirtí ag deireadh na chéad bhliana agus an dara bliain den tsaoráid. Go luath in 2019, aontaíodh síneadh ama a chur leis an tsaoráid go dtí Eanáir na bliana 2024.


## An Maoiniú Iomlán a Fuarthas ón Státchiste

**Tá an tsuim a fuarthas ón Státchiste (Caipiteal agus Ioncam) cobhsaithe le blianta beaga anuas ach is ar leibhéal í atá cuid mhaith faoi bhun na leibhéil mhaoinithe a sholáthraítí deich mbliana ó shin.**

Mar a léirítear sa ghraf a leanann, níl an infheistíocht iomlán san iompar poiblí ag coinneáil suas leis an méadú ar líon na n-aistear custaiméirí. Laghdaíodh an maoiniú, i ndearbhthéarmaí agus i gcoibhneas leis an éileamh (aistir custaiméirí), ar an infheistíocht chaipitiúil agus ar an ioncam ó chonarthaí OSP, i ndáil le seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn geilleagrach.

Tá fianaise láidir sa ghraf ar théarnamh i dtaobh líon na n-aistear paisinéirí agus aithnítear ann an dúshlán a bhaineann le maoiniú cuí a chinntiú chun tacú le soláthar seirbhísí cuimsitheacha iompair phoiblí ionas gur féidir freastal ar an éileamh atá ag dul i méid. Ina theannta sin, fuair Bus Átha Cliath agus Bus Éireann tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair trí íocaíochtaí neamhairgid dar luach thart ar €69.3 milliún a bhaineann le busanna a fháil ar léas (nach léirítear sna figiúirí thuas).

## Maoiniú ón Státchiste (€m)




## Forbairtí Airgeadais Suntasacha Eile

**Tháinig laghdú nach beag (€237 milliún) in 2018 ar an easnamh sa ghlanchiste pinsean ag deireadh na bliana, go €547 milliún.**

Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Ciste Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Ciste Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir atá á soláthar faoi na scéimeanna sin á maoiniú ag sócmhainní suntasacha atá infheistithe i gcistí arna riar ag iontaobhaithe.

Glactar leis sa chostas bliantúil a bhaineann le sochair scoir a sholáthar go bhfuil na torthaí sa todhchaí ó shócmhainní agus dliteanais an chiste pinsean ailínithe ar bhonn rátaí úis fadtéarmacha. Riosca nach beag is ea é go mbímid faoi lé na luaineachta sna rátaí úis fadtéarmacha, agus tá an Grúpa ag féachaint leis an riosca sin a mhaolú.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana agus na gluaiseachtaí airgeadais is bonn le ríomh an easnaimh i rith na bliana:

(i) tháinig méadú beag ar an ráta lascaine ó 1.75% go 2.05%, rud ba chúis le méadú ar an gcostas seirbhíse bliantúil;

(ii) tháinig laghdú 25 bonnphointe go 1.5% ar an ráta boilscithe in 2018;


(iii) tháinig feabhas dar luach €5 mhilliún ar fheidhmíocht na n-infheistíochtaí i rith na bliana; agus

(iv) is é an glanlaghdú ar an easnamh pinsean ná €237 milliún san iomlán.

Le linn 2018, bhí ar an dá scéim sin tograí athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis Pinsean lena mbainfear amach sócmhainneacht sna scéimeanna faoi dheireadh 2023. Níor aontaíodh tograí maoinithe go fóill. Is iad Iontaobhaithe na Scéime Pá Rialta agus Coiste Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 atá freagrach as tograí maoinithe athbhreithnithe a chur isteach.

Mar sin féin, is é beartas CIÉ é, mar urraitheoir, cuidiú le tograí a ullmhú a n-aontóidh an fhoireann leo, rud a bheidh ina bhunús le haghaidh Togra Maoinithe athbhreithnithe.

## Líon na nAistear Paisinéirí







# Conradh OSP

## Ioncam ó na Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) 2009–2018

**Oibríonn Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann ('Cuideachtaí Oibríocha') seirbhísí iompair phoiblí atá inmhianaithe i leith a ngné shóisialta ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn geilleagrach faoi chonarthaí OSP ón Údarás Náisiúnta Iompair. Ó mhí na Nollag 2009 i leith, tá dhá chonradh dámhachtana dírí cúig bliana á bhfeidhmiú ag cuideachtaí CIÉ maidir le seirbhísí bus agus ag deireadh 2018 bhí ceithre bliana curtha isteach acu faoi dhá chonradh dámhachtana dírí cúig bliana eile. Ag an am céanna, tá naoi mbliana curtha isteach ag Iarnród Éireann faoina chéad chonradh deich mbliana.**


Cé go n-admhaítear go ndearnadh barrachas beag ar chonarthaí OSP an Ghrúpa sa bhliain atá faoi thrácht, níor leor é chun dul chun cinn fónta a dhéanamh maidir leis an easnamh carnach ar na conarthaí a laghdú. Ní mór don Ghrúpa toradh réasúnta a bhaint amach ar ghníomhaíocht OSP ionas go mbeidh sé féin inbhuanaithe ó thaobh airgeadais.

Bíonn fochuideachtaí oibríocha an Ghrúpa ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun na seirbhísí iompair phoiblí is fearr is féidir a chur ar fáil ar fud na trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta de. Rinne OSP an Ghrúpa brabús beag in 2018, ach níl an toradh seo réasúnta i gcomhtheacs na caillteanas carnach ar na conarthaí seo. Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí OSP ó 2009 i leith mar seo a leanas:


Sheas an Grúpa na caillteanais a rinneadh san am atá caite agus feabhas á chur aige ar líon, cáilíocht agus minicíocht na seirbhísí iompair phoiblí a sholáthraíonn sé. Ba cheart toradh réasúnta a bheith le déanamh ar na conarthaí OSP ionas gur féidir seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus bonn caipitil an Ghrúpa a chur ar ais ar leibhéal cuí. In 2018 rinneadh brabús comhiomlán €3 mhilliún ar na conarthaí dámhachtana dírí, sin 0.5% den ioncam. Fágann leibhéal an toraidh sin go bhfuil staid airgeadais lag fós i gceist agus go bhfuiltear fós ag brath go mór ar chúnamh ón Státchiste i gcás rioscaí gan choinne.

| | Aistir Paisinéirí OSP (milliúin) | Ioncam Seirbhíse Poiblí €m | Costais Seirbhíse Poiblí €m | Fáltais ón gConradh OSP €m | Easnamh ar an gConradh OSP €m | Toradh % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Conarthaí Bus atá tugtha chun críche | 729 | 1,259 | (1,839) | 542 | (38) | (3.0%) |
| Conarthaí Bus atá i bhfeidhm faoi láthair | 662 | 1,249 | (1,623) | 382 | 9 | 0.7% |
| Conradh Iarnróid atá i bhfeidhm faoi láthair | 363 | 1,702 | (2,944) | 1,128 | (115) | (6.8%) |
| | **1,754** | **4,210** | **(6,406)** | **2,052** | **(144)** | **(3.4%)** |
| **Arb é toradh na bliana 2018 ina leith ná** | **227** | **568** | **(748)** | **183** | **3** | **0.5%** |

## Conradh Seirbhíse Poiblí




## Easnamh Carnach ar an gConradh OSP



# Seirbhís do Chách

**Tá an Grúpa fós ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte agus dírithe ar na custaiméirí, tráth a bhfuil líon na gcustaiméirí ag dul i méid. Cuireann Grúpa CIÉ seirbhísí tábhachtacha ar fáil do gach dream den phobal agus is maith mar is eol dó an fhreagracht shóisialta atá air trí gach ceann dá Chuideachtaí Oibríocha. Tá CIÉ bródúil as an méadú atá déanta aige ar an soláthar seirbhíse agus as an úsáid níos mó atá á baint as na seirbhísí in 2018. Tá méadú 11.5 milliún tagtha ar líon na n-aistear custaiméirí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.**

Tháinig méadú 4.4% ar líon na n-aistear custaiméirí in 2018. Tá méadú leanúnach ag teacht ar líon foriomlán na n-aistear de réir mar a thagann borradh faoi gheilleagar na tíre. Tá CIÉ ag teannadh arís leis na buaicleibhéil custaiméirí a baineadh amach in 2008 tráth a rinneadh 282.1 milliún aistear san iomlán.


Tugann gach ceann de na Cuideachtaí Oibríocha faoi thionscnaimh aonair chun feabhas a chur ar eispéireas na gcustaiméirí, lena n-áirítear:

*Bus Átha Cliath:*

- Tá flít busanna atá lán-inrochtana ag Bus Átha Cliath.
- Feachtas maidir le Luach ar Airgead – sheol Bus Átha Cliath feachtas in 2018 chun é a chur ar a súile don phobal gur féidir airgead a spáráil ach an Cárta Leap a úsáid, agus rinne sé moltaí maidir le conas is féidir le custaiméirí airgead a spáráil ar an gcaoi sin.
- Suirbhéanna maidir le sástacht na gcustaiméirí – rinneamar an babhta bliantúil den rianú branda i mí an Mheithimh 2018. Faoin ngné allamuigh den suirbhé, cuireadh agallamh duine le duine ar leath na rannpháirtithe agus agallamh ar líne ar an leath eile. Ráta sástachta foriomlán 95% a fuarthas, sin ardú trí phointe i gcomparáid le suirbhé na bliana 2017.
- Fógraí Fuaime agus Amhairc – déantar fógraí fuaime ar gach bus i bhflít Bhus Átha Cliath. Tá taispeántais amhairc lena gcuirtear in iúl cén chéad áit eile a stopfaidh an bus ar 99.9% den fhlít busanna.


## Passenger Journeys

**Tá an Grúpa fós ag soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte agus dírithe ar na custaiméirí, tráth a bhfuil líon na gcustaiméirí ag dul i méid.**



## Seirbhís do Chách

**Cuireann Grúpa CIE réimse seirbhísí ar fáil atá ina mbonn le forbairt gheilleagrach agus comhtháthú sóisialta:**




*Bus Éireann:*

- Le linn 2018, leanadh ag cur na Cártaí Leap i bhfeidhm ar gach bealach OSP ar fud na tíre agus tá an obair sin tugtha chun críche anois. Lean an borradh a bhí faoi úsáid na gcártaí ar fud na ngréasán go léir, go háirithe ar na gréasáin uirbeacha áit a bhfuil an Cárta Leap á úsáid ar bhreis is 40% de na haistir ar fad anois.
- Rinneadh infheistíocht leanúnach in oibreacha chun feabhas a chur ar a inrochtana atá stadanna bus agus stáisiúin busanna chun cur le líon na seirbhísí atá lán-inrochtana.
- Bhí ról tábhachtach ag Bus Éireann maidir le tacaíocht a thabhairt don Údarás Náisiúnta Iompair leis an réiteach iompair phoiblí a chur i bhfeidhm i gcomhair chuairt an Phápa in 2018, agus ba phríomhpháirtí leasmhar é ar an meitheal oibre faoi chathaoirleacht an Údaráis nuair a bítear pleanáil agus ag cur i bhfeidhm réitigh iompair i gcomhair na gcustaiméirí a bhí ag taisteal isteach go Baile Átha Cliath agus iad siúd a bhí ag dul chuig Aifreann an Phápa i gCnoc Mhuire.
- Le linn 2018, chuir Bus Éireann 67 bus agus cóiste nua leis an bhflít, rud a chuir feabhas mór ar an tseirbhís do chustaiméirí ó thaobh cáilíochta agus acmhainneachta araon.
- Taistealaíonn breis is 117,800 páiste ar bheagnach 7,000 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile. Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna breis is 425 seirbhís iompair scoile nua in 2018.

*Iarnród Éireann:*

- Thaifead Iarnród Éireann an líon ab airde riamh aistear paisinéirí in 2018, agus rinneadh os cionn 47.9 milliún aistear paisinéirí thar na seirbhísí DART, na seirbhísí Comaitéireachta agus na seirbhísí Intercity. Is ionann sin agus méadú 5.3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Chuidigh tabhairt isteach seirbhísí níos minicí DART, chomh maith leis an mborradh mór faoin ngeilleagar, leis an méadú sin a bhaint amach ar líon na n-aistear paisinéirí. Bhí baint ag mórimeachtaí ar nós Cuairt an Phápa ar Éirinn, sraith ceolchoirmeacha faoin aer i rith an tsamhraidh agus séasúr gnóthach CLG leis an méadú sin ar líon na bpaisinéirí chomh maith.
- Faoin gclár 'Tús Áite don Chustaiméir', faoina bhfeabhsófar eispéireas na gcustaiméirí trí chomhéadain custaiméirí níos fearr, táthar fós ag déanamh athrú ó bhonn ar an gcaoi a mbíonn Iarnród Éireann ag idirghníomhú agus ag plé lena chuid custaiméirí.
- I measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do chustaiméirí a bhfuil mallachar gluaiseachta nó lagú céadfach orthu, bhí an triail a baineadh as scéim maidir leis an DART a bheith Inrochtana, lena chinntiú gur túisce a thabharfar cúnamh do dhaoine agus gur lú an tréimhse fógra a bheidh ag teastáil chun taistil.


C·I·E TOURS
International
C·I·E TOURS
International



COACH HOUSE
CHESTER BEATTY LIBRARY
C·I·E TOURS International
C·I·E TOURS International

# Athbhreithniú ar Oibríochtaí – Grúpa CIÉ

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 10,046 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2018, sin laghdú 52 duine i gcomparáid le líon na bliana 2017.


### An Meánlíon Oibrithe i nGrúpa CIÉ




Sa tréimhse 2009 go 2014, bhí an Grúpa seasta ag crapadh agus é ag iarraidh cur i gcoinne an drochthionchair a bhí ag an laghdú ar an ioncam ó chonarthaí OSP agus ag an laghdú ar líon na bpaisinéirí. Idir 2009 agus 2014 tháinig laghdú 15.8% ar líon na mball foirne, idir dhaoine a d'fhág ar an ngnáthbhealach agus daoine a ghlac le pacáistí téarfa dheonaigh. Rinne an Grúpa maoiniú ar na pacáistí téarfa dheonaigh óna chuid acmhainní féin. D'fhág an beart sin gur laghdaíodh na costais oibriúcháin a bhí air, agus laghdaigh sé sin an costas a bhí ar an Státchiste i dtaobh iompar poiblí a sholáthar.

Mar a léirítear sa ghraf seo a leanas, tá feabhas tagtha ar líon na n-aistear custaiméirí in aghaidh an fhostaí toisc go bhfuiltear ag díriú go leanúnach ar na seirbhísí iompair a chuirimid ar fáil a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir.

### Aistir custaiméirí ('000) in aghaidh an fhostaí




Rinneadh 27,400 aistear custaiméirí in aghaidh an fhostaí in 2018, sin méadú 25% i gcomparáid le 2009.

## Rannpháirtíocht Foirne

Murach an 10,000 ball foirne a fheidhmíonn ár gcumais iompair, ní fhéadfaimis seirbhís a sholáthar atá sábháilte agus éifeachtach agus ar féidir brath uirthi. Is é beartas an Ghrúpa é an leas is fearr is féidir a bhaint as an tsócmhainn sin trí chultúr rannpháirtíochta agus oibre foirne. Spreagtar na fostaithe go léir chun páirt a ghlacadh i reáchtáil an Ghrúpa trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, i meithleacha oibre agus i dtionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. In 2018, bhí ceathrar Comhaltaí Oibrithe ar Bhord CIÉ.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Grúpa tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcaitear le fostaithe agus custaiméirí le dínit agus le meas agus ina dtéitear in oiriúint do dhifríochtaí agus a dtuigtear a luach. Ina theannta sin, tá sé ina aidhm againn timpeallacht a chruthú inar féidir le cách lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, agus ina mbíonn meas ar réimse leathan cumas, buanna agus dearcthaí aonair agus a dtacaítear leo.

Trína chuid oifigeach comhionannais, bíonn fochuideachtaí oibríocha an Ghrúpa seasta ag cur feabhas ar an gcomhionannas san ionad oibre i gcás gach grúpa. Déantar athbhreithniú rialta ar an raon tionscnamh Cothromaíochta Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa. Bíonn an Grúpa ag obair i gcomhar le heagraíochtaí seachtracha éagsúla chun forbairt a dhéanamh ar a chuid cleachtas agus gnáthamh, trí bheith ina bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC, mar shampla.

## Inrochtaineacht

Bímid i mbun caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil mallachar gluaiseachta orthu chun tosaíochtaí a bhunú i dtaobh rochtain ar fheithiclí, ar oifigí agus ar stáisiúin.

Tá rochtain ísealurláir ar gach bus i bhflít Bhus Átha Cliath, agus bíonn fógraí closamhairc i bhfeidhm ar an bhflít go léir.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn an Grúpa an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chinntiú i ngach gné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud an Ghrúpa in 2018 cloí le ceanglais na rialachán sin.

## Costais Chomhairleoireachta

Ceannaíonn an Grúpa seirbhísí comhairleoireachta i ndáil le caipiteal intleachtúil a chabhraíonn leis an gcinnteoireacht éifeachtach i réimsí casta sa chás nach furasta na scileanna a aimsiú laistigh den eagraíocht féin. Seo thíos achoimre ar na réimsí caiteachais comhairleoireachta a thabhaigh an Grúpa in 2018.

| Costais Chomhairleoireachta | €000 |
|---|---|
| Cothabháil agus Athnuachan | 463 |
| Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais | 446 |
| Teicneolaíocht | 281 |
| Córais Paisinéirí | 250 |
| Straitéis Eagrúcháin | 194 |
| Forbairt ar TF agus Busanna i gcomhair CIÉ Tours | 178 |
| Acmhainní Daonna | 167 |
| Caidreamh Poiblí / Margaíocht | 120 |
| Cúrsaí Rialála | 116 |
| Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara | 111 |
| Dlí | 108 |
| An Chairt Custaiméirí | 95 |
| Earcaíocht | 56 |
| Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta | 52 |
| Cothú Tallainne | 33 |
| Caidreamh Tionsclaíoch | 31 |
| Táillí maidir le Dearadh Foirgníochta | 20 |
| Feabhsú Gnó | 14 |
| Sábháilteacht | 12 |
| Eile | 713 |
| **Iomlán** | **3,460** |
| | |
| *Méid Caipitlithe san áireamh thuas | (382) |

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag an nGrúpa lena chinntiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais. I gcás ionann is na soláthairtí uile a bhí os cionn na tairsí cáilíochta, cuireadh faoi réir tairiscint oscailte iad agus cuireadh fógra fúthu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nuair ba chuí sin. Comhlíonann Grúpa CIÉ an Cód Caiteachais Phoiblí a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2013.

### Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán le Cód Cleachtais na bliana 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cé is moite d'aon eisceachtaí a aontaíodh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Baineann na heisceachtaí ábhartha le híogaireacht maidir le cúrsaí cosaint sonraí pearsanta i leith fostaithe nó le híogaireacht tráchtála.

Tá socrú déanta go ndéanfar meastóireacht sheachtrach in 2019 ar an mBord agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar a cheanglaítear sa Chód. Thug an Cathaoirleach faoi mheastóireacht inmheánach ar an mBord in 2018.

### Eintiteas CIÉ (CIÉ)

Feidhmíonn CIÉ trí mhór-aonad gnó – an Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí, CIÉ Tours agus Aonad Maoine an Ghrúpa – agus soláthraíonn sé seirbhísí tacaíochta do Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann (fochuideachtaí oibríocha). Déantar an t-ioncam a ghintear tríd an Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí agus Aonad Maoine an Ghrúpa a leithdháileadh go hiomlán ar na fochuideachtaí oibríocha chun costas oibriúcháin na seirbhísí OSP a laghdú.

### An Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí (LFC)

Is maith mar a d'éirigh le gnó fógraíochta LFC arís in 2018, agus tháinig méadú eile ar an ioncam a rinne sé, go €8.5 milliún.

Ba í an fheidhmíocht thréan i dtaobh fógraí ar na seirbhísí iompair agus fógraí digiteacha a spreag an méadú ar an ioncam sin. Chomh maith leis an ioncam ón bhfógraíocht, lean na fochuideachtaí oibríocha ar aghaidh ag baint leas as spásanna fógraíochta an Líonra i gcomhair a lán dá gcuid feachtas margaíochta féin in 2018.

## CIÉ Tours:

| | 2018 €m | 2017 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam CIÉ Tours | 123 | 107 | 16 |
| Barrachas oibriúcháin | 6 | 7 | (1) |

Ba í 2018 an bhliain ab fhearr fós i dtaobh ioncam a rinne an chuideachta CIÉ Tours. Tháinig feabhas ar an mbrabús oibriúcháin i gcomhréir leis an méadú a tháinig ar an ioncam, ach áiríodh leis an mbarrachas foriomlán in 2017 méid eisceachtúil a gnóthaíodh de bharr aistriú airgeadra, idirbheart nár tháinig i gceist in 2018.

Rinne an t-aonad gnó ioncam €123 milliún, sin méadú +15% i gcomparáid le 2017. Sháraigh an t-ioncam sin an méid a réamh-mheasadh a dhéanfaí, ach bhí sé beagán gann ar an mbuiséad. Tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí go 48,022 duine agus bhí méadú +1.8% bliain ar bhliain i gceist ar fud na dtáirgí uile talún, aeir agus árachais.

Rinneadh infheistíocht mhór arís eile in 2018 freisin i gcumas an ghnólachta chun fás inbhuanaithe a spreagadh feasta. Mar chuid de straitéis cúig bliana an aonaid gnó i leith athrú ó bhonn ar mhaithe le fás, neartaigh an chuideachta a tionscnaimh mhargaíochta, a cuid feabhsuithe teicneolaíochta agus a réimse táirgí chun an fás a chothú amach anseo.

### Maoin an Ghrúpa

Rinneadh ioncam €23.2 milliún ó chíos in 2018, sin ardú ó €19.8 milliún in 2017. Is é is mó is cúis leis an ardú €3.4 milliún nó 17% ná na táillí ceadúnais ó chomhaontuithe forbartha nua maidir le tailte ag Stáisiún Uí Chonghaile, ag Boston Sidings in aice le Stáisiún an Phiarsaigh i mBaile Átha Cliath agus ag Stáisiún an Cheanntaigh i nGaillimh. Leis na forbraíochtaí atá beartaithe i gcomhair na láithreán sin, beidh feabhas suntasach á chur ar mhaoine in aice leis na stáisiúin mhóra sin. Beidh sé ina bhuntáiste ag na forbraíochtaí sin go mbeidh siad gar do mhoil iompair phoiblí.

Tá an Rannóg Maoine ag obair i ndlúthpháirt le páirtithe leasmhara agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun deiseanna forbartha eile a thapú.


Bus Éireann

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Bus Átha Cliath:

Tháinig méadú mór in 2018 ar an éileamh ar na seirbhísí OSP agus na Seirbhísí Tráchtála de chuid Bhus Átha Cliath, agus lean an chuideachta ar aghaidh ag cur seirbhísí éifeachtúla, sábháilte, ar féidir brath orthu, ar fáil do na custaiméirí. Tháinig méadú ar líon na gcustaiméirí ar ár gcuid bealaí OSP agus ar na Seirbhísí Tráchtála go 143.5 milliún duine. Baineadh amach an ráta fáis 2.9% sin i mbliain inar tharla athruithe móra sa chuideachta agus léiríonn sé go bhfuil na custaiméirí an-sásta leis na seirbhísí a sholáthraíonn Bus Átha Cliath. Thug an chuideachta isteach réimse mór seirbhísí feabhsaithe agus chuir sí le minicíocht seirbhísí atá ann cheana, go háirithe ag an deireadh seachtaine, mar fhreagairt ar an éileamh mór atá ann go fóill. De bharr go ndearnadh brabús ar na Seirbhísí OSP agus ar na Seirbhísí Tráchtála araon in 2018, bhí ar chumas Bhus Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag díriú ar eispéireas ár gcustaiméirí a fheabhsú agus táimid tiomanta i gcónaí d'ionchais na gcustaiméirí a chomhlíonadh agus a shárú. Leis an méadú a tháinig ar an rátáil fhoriomlán sástachta custaiméirí a tugadh dúinn in 2018, leagtar béim ar an obair atá á cur isteach againn i gcónaí sa réimse sin. Bhí an tiomantas sin d'fheabhas agus nuálaíocht leanúnach i gcroílár na bpríomhthionscadal in 2018.

Bhí áthas ar an gcuideachta 141 feithicil bhreise a chur leis an bhflít in 2018, idir bhusanna breise agus fheithiclí a thóg áit seanbhusanna. Dul chun cinn eile is ea na busanna nua i dtaobh seirbhísí iompair phoiblí atá áisiúil, compordach agus inbhuanaithe a chur ar fáil do mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Lean Bus Átha Cliath ar aghaidh ag oibriú flít busanna a bhfuil rochtain ísealurláir orthu go léir agus is cúis bhróid aige go bhfuil sé ag freastal ar an bpobal go léir le fada an lá.

Rinne an chuideachta barrachas €0.3 milliún ar na seirbhísí OSP agus taifeadadh barrachas €3.4 milliún i leith Seirbhísí Tráchtála. Tá an chuideachta fós dírithe ar sheirbhísí ardchaighdeáin, atá sábháilte agus éifeachtach, a chur ar fáil do gach custaiméir. Chun cur leis an luach ar airgead, tá an chuideachta tiomanta i gcónaí d'éifeachtúlachtaí i dtaobh costais a chur i bhfeidhm ar fud na gcatagóirí caiteachais go léir.

### Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais na bliana 2018

Thuill Bus Átha Cliath barrachas €3.7 milliún in 2018 i gcomparáid le barrachas €1.0 milliún in 2017. Léiríonn an toradh sin, mar a leagtar amach anseo thíos, go ndearnadh barrachas €0.3 milliún i leith Seirbhísí OSP agus barrachas €3.4 milliún i leith Seirbhísí Tráchtála.

| | 2018<br>€m | 2017<br>€m |
|---|---|---|
| OSP | 0.300 | 0.035 |
| Seirbhísí Tráchtála | 3.387 | 0.968 |
| **Iomlán** | **3.687** | **1.003** |



### OSP

Laghdaigh glanchostas oibriúcháin na seirbhísí OSP ó €47.4 milliún in 2017 go €40.8 milliún in 2018, sin laghdú €6.6 milliún. Mar gheall gur cuireadh leis an ioncam de bharr seirbhísí a bheith á rith níos minice agus de bharr méadú ar líon na gcustaiméirí, bhíothas in ann an leibhéal tacaíochta ón Státchiste a laghdú. Laghdaíodh an fóirdheontas OSP ó €47.5 milliún in 2017 go €41.1 milliún in 2018, sin laghdú €6.4 mhilliún. Rinneadh barrachas €0.3 milliún i leith na seirbhísí OSP in 2018, agus na costais oibriúcháin go léir san áireamh, i gcomparáid leis an gcóimheá airgid a baineadh amach in 2017.

Tá Bus Átha Cliath fós ag obair i ndlúthpháirt leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas a chur ar an ngréasán seirbhísí agus ar chaighdeán na seirbhísí a thairgimid do na custaiméirí. Aithníonn na páirtithe leasmhara go léir go mbaineann an-tábhacht le barrachas réasúnta ar an gconradh OSP ionas go mbeidh ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag díriú ar chobhsaíocht airgeadais, rud as a n-eascróidh airgead chun infheistíocht riachtanach a dhéanamh agus seasmhacht níos fearr maidir le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar. Tá an chuideachta fós i mbun plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le leibhéal foriomlán an bharrachais atá de dhíth ar sheirbhísí OSP.

### Seirbhísí Tráchtála

Leanadh le feidhmíocht láidir na Seirbhísí Tráchtála in 2018 ar Sheirbhísí Airlink agus ar na Turais Chathrach. Rinne na Seirbhísí Tráchtála barrachas €3.4 milliún in 2018 i gcomparáid le barrachas €1.0 milliún in 2017, sin feabhas €2.4 milliún. Rinneadh é sin trí fhás ioncaim agus trí bhainistíocht spriocdhírithe ar na costais. Tháinig méadú ar an ioncam ó €17.9 mhilliún go €20.3 milliún, sin méadú €2.4 mhilliún. Coinníodh an caiteachas ar leibhéil na bliana 2017 faoi phlean spriocdhírithe maidir le costais a bhainistiú. Toisc go bhfuil brabús á dhéanamh le tamall anuas ar na Seirbhísí Tráchtála, tá an bonn againn le haghaidh tuilleadh fáis agus infheistíochta in 2019.

### Ioncam Iomlán na Cuideachta

Tháinig méadú €11.0 milliún (4.4%) ar an ioncam oibriúcháin iomlán, ó €251.7 milliún go €262.7 milliún in 2018. Is mór an spreagadh a thugann an t-ardú sin dúinn i mbliain inar chuir dhá dhrochbhabhta aimsire isteach ar an ioncam, inar cuireadh síneadh leis na seirbhísí ar an Luas Traschathrach agus inar aistríodh 10% de na bealaí OSP chuig oibreoir nua de réir a chéile thar an tréimhse idir Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. Léiríonn an t-ioncam iomlán an méadú foriomlán 2.9% ar an éileamh ó chustaiméirí, a bhfuiltear ag freastal air le seirbhísí ardchaighdeáin OSP agus gréasán leathnaithe Seirbhísí Tráchtála.

### Caiteachas Oibriúcháin Iomlán na Cuideachta

Tá méadú tagtha ar an gcostas oibriúcháin iomlán ó €287.3 milliún in 2017 go €292.9 milliún in 2018, sin glanmhéadú €5.6 milliún. Thabhaigh an chuideachta costais bhreise a bhaineann le seirbhísí breise a sholáthar do chustaiméirí mar gheall ar an éileamh méadaithe a bhí ann de bharr borradh a bheith faoin ngeilleagar. Tá na costais mhéadaithe sin a tabhaíodh ar bhonn éilimh, agus an méadú ioncaim a ghabhann leo, le sonrú sna torthaí airgeadais don bhliain 2018.

Ina theannta sin, léirítear sa mhéadú ar na costais oibriúcháin an tríú bliain (an bhliain deiridh) de chomhaontú pá na bliana 2016 agus tá méadú pá 3.75% san áireamh ann, a cuireadh chun feidhme ón 1 Eanáir 2018. Déantar 1% den ráta pá méadaithe sin a mhaoiniú trí bhearta éifeachtúlachta inmheánacha as a n-eascraíonn glanmhéadú 2.75% ar an bpárolla.

Tháinig méadú €0.3 mhilliún nó 0.3% ar an gcaiteachas ar ábhair agus seirbhísí don bhliain i gcomparáid le 2017. Rinneadh an laghdú ar an gcaiteachas ar bhreosla, ar ábhair chothabhála agus ar éilimh a chúiteamh le méaduithe ar chostais a bhaineann leis an gCóras Ticéadaithe Comhtháite agus seirbhísí eile.

Tá Bus Átha Cliath fós tiomanta do Chonradh Seirbhíse Poiblí a fheidhmiú a mbeidh brabús le déanamh air agus faoina soláthrófar seirbhísí ardchaighdeáin de réir théarmaí an chonartha. Tá an chuideachta tiomanta freisin dá cuid seirbhísí tráchtála a fhorbairt.

Rannchuidíonn Bus Átha Cliath go mór i gcónaí le soláthar agus forbairt seirbhísí iompair phoiblí laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar seirbhísí iad atá slán sábháilte, ar féidir brath orthu agus atá dírithe ar na custaiméirí.


ÉALÚ- EMERGENCY EXIT
Bus Éireann
TS 20


bus scoile
BUS ÉIREANN - IRISH BUS
CLOCH LEATHAN, ÁTH CLIATH 7

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Bus Éireann:

**Ár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh agus bunús nua fáis a chruthú**

Tháinig borradh faoin ioncam in 2018, a bhuí leis an téarnamh atá fós ar gheilleagar na hÉireann agus leis an bhfeabhas ar chúrsaí fostaíochta. Chuidigh an méadú nach beag a tháinig ar líon na bpaisinéirí ar fud ár seirbhísí go léir leis an toradh sin freisin. Le tionscnaimh nua ar nós seirbhísí cathrach feabhsaithe agus táillí ísle, mealladh custaiméirí nua ón samhradh ar aghaidh, rud a chuir brú ar ár n-acmhainneacht nach bhfacthas ó thosaigh an cúlú eacnamaíoch.

Tá an bord agus an lucht bainistíochta tiomanta don tseirbhís iompair is fearr is féidir a sholáthar, ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, leis na cistí atá ar fáil. Bhíomar i gcónaí diongbháilte i dtaobh freastal ar na riachtanais tá ag ár gcuid páirtithe leasmhara, amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus neartaíodh an iarracht sin arís in 2018 nuair a ceapadh foireann bainistíochta nua atá dírithe ar fhís úr shoiléir don am atá le teacht, faoin mbainfear amach sársheirbhís, ardchaighdeáin sábháilteachta do na custaiméirí agus luach níos fearr don Stát.

Le linn 2018, chuir Bus Éireann chun feidhme clár chun an gnó a athrú ó bhonn, atá ar cheann de na cláir is uaillmhianaí dá leithéid a chuir cuideachta Stáit ar bith chun feidhme le tríocha bliain anuas. Tugadh an sainordú le haghaidh athraithe tar éis gur ghlac tromlach na foirne le Moladh ón gCúirt Oibreachais i mí an Mheithimh 2017, lenar leagadh síos an bonn chun athstruchtúrú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na cuideachta agus chun ár gcuid iarrachtaí agus ár n-acmhainní a dhíriú ar chaighdeán den scoth a bhaint amach do na custaiméirí a bhíonn ag brath ar na mílte seirbhís a chuirimid ar fáil gach lá, ar fud na tíre.

## Feabhas ar Chúrsaí Airgeadais

In 2018, baineadh amach TRÚDA €9.75 milliún i gcomparáid le €2.86 milliún in 2017.

Tháinig feabhas mór freisin ar an ioncam oibriúcháin: rinneadh ioncam €337.6 milliún i gcomparáid le €309.3 milliún in 2017, cé go raibh ioncam oibriúcháin na bliana 2017 níos ísle mar gheall ar stailc a mhair trí seachtaine.

Is é an t-easnamh don bhliain ná €6.4 milliún i ndiaidh míreanna eisceachtúla, lena n-áirítear aisíoc a dhéanamh ar chúlchiste na Scoileanna. Nuair a chuirtear an méid sin as an áireamh, bhain an chuideachta cóimheá airgid amach i leith na bliana 2018.

Neartaíodh an clár comhardaithe de bharr athchaipitliú €37 milliún a rinneadh ar an Scairchaipiteal, agus fáilte mhór roimhe, agus fágann sé sin gur glanluach €13.7 milliún atá luaite leis na sócmhainní i leith na bliana 2018 i gcomparáid le glandliteanais €16.9 milliún in 2017.

Cé gur mór againn an neartú sin ar an gclár comhardaithe, is maith mar is eol don bhord, mar sin féin, go bhfágfadh babhta caillteanas ag an mbunlíne amach anseo gur glandliteanas a bheadh orainn arís agus go mbeadh dúshláin thromchúiseacha airgeadais le sárú ag an gcuideachta arís.

Tá sé i gceist le Clár Bhus Éireann maidir le hAthrú ó Bhonn 2017/2019 a chinntiú go mbeidh an chuideachta inbhuanaithe feasta. Faoin gclár, beidh sé shruth oibre ag gabháil do thionscnaimh costéifeachtúlachta agus tionscnaimh giniúna ioncaim a bhfuil sprioc €29.6 milliún leagtha síos ina leith, agus tá spriocthoradh idir €3 mhilliún agus €4 mhilliún leagtha síos i leith bhunlíne na bliana 2019. Faoi dheireadh 2018, spáráladh €18.8 milliún san iomlán. Gné ríthábhachtach den chlár giniúna ioncaim arbh ea an comhaontú leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maidir le maoiniú cuí a dhéanamh ar aistir a mhaoiníonn an Roinn sin ar sheirbhísí Expressway in 2018. Rinneadh athbhreithniú agus barrfheabhsú ar uainchláir na dtiománaithe, agus dá bhrí sin baineadh amach éifeachtúlachtaí costais agus eifeachtúlachtaí oibre ó mhí Eanáir 2018 ar aghaidh. D'fhág ganntanas tiománaí agus asláithreacht i measc na dtiománaithe gurbh éigean tuilleadh busanna a fháil ar cíos, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an mbunlíne fhoriomlán in 2018.

Sonraítear i gcuntas brabúis agus caillteanais na bliana 2018 go bhfuarthas maoiniú €52.8 milliún i leith na hoibleagáide seirbhíse poiblí i rith na bliana sin. Is méadú €5.1 milliún é sin ar an maoiniú i gcomparáid leis an mbliain 2017. Léiríonn an méadú sin ar an maoiniú le hais na bliana roimhe sin an feabhas breise a cuireadh ar na seirbhísí ar 24 bealach OSP in 2018, agus maoiniú na bliana iomláine i leith 13 bhealach eile ar cuireadh feabhas ar na seirbhísí orthu in 2017 lena n-áirítear feabhas mór ar na seirbhísí ar an gconair bhus idir Ceanannas agus Baile Átha Cliath (109/NX). Sonraítear i gcuntas brabúis agus caillteanais na bliana 2018 go bhfuarthas maoiniú €185.2 milliún i leith Seirbhísí Iompair Scoile a sholáthar i rith na bliana, sin méadú €11.1 milliún i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Is é is mó is cúis leis an méadú sin ná an t-ardú a tháinig ar líon na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhaineann úsáid as na seirbhísí iompair scoile.

## Feabhas ar Sheirbhísí do Chustaiméirí

Cuireadh feabhas mór ar ár gcuid seirbhísí i bPort Láirge, rud a d'éascaigh don aistriú chuig an gconradh nua ollchostais a dámhadh faoin tairiscint iomaíoch i leith Oscailt an Mhargaidh Busanna.

Rinneadh feabhsuithe suntasacha eile i gCorcaigh agus i nGaillimh, áit ar cuireadh go mór le minicíocht agus acmhainneacht na seirbhísí ar chonairí áirithe sna cathracha sin lena chinntiú go mbeimid ag freastal ar an éileamh. Chomh maith leis sin, agus mar aitheantas ar an dul chun cinn atá déanta againn i dtaobh éifeachtúlacht costais agus cáilíocht seirbhíse, ba chúis mhór bhróid dúinn é gur dámhadh Conradh Dámhachtana Dírí orainn i leith na tréimhse cúig bliana amach romhainn ar bhealaí OSP, agus cuirfimid fáilte roimh an deis chun tairiscint a chur isteach ar 5% de na bealaí atá beartaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath in 2021.

### Inrochtaineacht do chathaoireacha rothaí

I gcás na seirbhísí cathrach agus baile atá á n-oibriú ag Bus Éireann, is busanna le hurlár íseal iad, atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, agus tá lán-rochtain ag na custaiméirí orthu. Tá spás leagtha amach do chathaoir rothaí ar gach bus agus tá rampa comhtháite sa bhus ionas gur féidir le cathaoir rothaí dul suas uirthi. Tugtar tús áite i gcónaí do dhaoine a úsáideann cathaoir rothaí maidir le dul sa spás sin. Is féidir bugaí nó naíchóiste linbh, agus an leanbh ann, a pháirceáil sa spás sainithe sin mura bhfuil cathaoir rothaí ann.

Leanfar ag cur le céatadán foriomlán na bhfeithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí i bhflít Bhus Éireann de réir mar a bheidh infheistíocht á déanamh againn i bhfeithiclí nua. An flít busanna atá i mbun seirbhíse sna cathracha agus sna bailte faoi láthair, oireann sé go hiomlán do chathaoireacha rothaí, agus i gcás an fhlít cóistí atá i mbun seirbhíse ar bhealaí Comaitéireachta agus ar bhealaí Expressway, oireann 78% de na busanna do chathaoireacha rothaí. San iomlán, oireann 86% de na feithiclí i bhflít seirbhíse Bhus Éireann do chathaoireacha rothaí.

Thug Bus Éireann isteach seirbhís cóistí a oireann go hiomlán do chathaoireacha rothaí ar 11 bhealach nua, agus tá an chuideachta tiomanta i gcónaí do leanúint ar aghaidh ag cur feabhas ar a inrochtana atá na seirbhísí dár gcustaiméirí go léir.

### Iompar Scoile

**Tugaimid tús áite do pháistí a iompar go slán sábháilte ar na seirbhísí dár gcuid.**

Bhí Bus Éireann ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar feadh na bliana 2018 chun féachaint chuige go mbeidh na seirbhísí iompair scoile a sholáthraíonn sé faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne fós á gcur ar fáil thar ceann an Stáit ar bhealach atá éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais.

#### *Athbhreithniú ar Oibríochtaí*


- Taistealaíonn breis is 117,800 páiste ar bheagnach 7,000 bealach scoile chuig thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre gach lá scoile.
- San áireamh ansin tá beagnach 13,400 páiste ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais, a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh atá dírithe ar a gcuid riachtanas aonair féin.
- Cuireadh breis is 41.5 milliún aistear ar bun faoin scéim iompair scoile in 2018.

Rinneadh na haistir sin ar bhealach sábháilte, éifeachtúil mar gheall ar thiomantas na foirne iompair scoile a bhíonn ag obair ar fud na tíre, dream atá tiomanta don obair a dhéanann siad agus a bhfuil an-taithí acu uirthi.

### Ar Mhaithe leis an bPobal

Toisc gur eagraíocht seirbhíse muid, ní ionadh ar bith é go bhfuil ár bhfoireann tiomanta do rud éigin a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal ar a bhfreastalaíonn siad. Lean Bus Éireann ar aghaidh ag obair le Mí an Ribín Ghlais agus le 'Sea Change', comhpháirtíocht náisiúnta ina bhfuil breis is 70 eagraíocht a bhíonn ag obair lena chéile chun an stiogma a bhaineann le fadhbanna meabhairshláinte a laghdú agus chun aird a dhíriú ar an leithcheal a ghabhann leis na fadhbanna sin. Ina theannta sin, tá Bus Éireann fós páirteach san Fheachtas Náisiúnta maidir le Feasacht ar Néaltrú.

## Líon Foriomlán na nAistear Custaiméirí




Keep Behind


Heuston Station
22 302

*Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Iarnród Éireann:

### An tSábháilteacht

Tá Iarnród Éireann tiomanta do thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil dár bpaisinéirí, dár bhfostaithe agus do dhaoine a úsáideann ár ngréasán. Is ann dár gcuid luachanna, "Gurb iad na custaiméirí croílár an ghnó" agus "Seasta Sábháilte" ionas go mothóidh ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí slán sábháilte ar na seirbhísí iompair, agus ionas go gcuirfear feabhas leanúnach ar na timpeallachtaí oibre agus ar na timpeallachtaí taistil.

Soláthraítear sa Chóras Bainistíochta Sábháilteachta an creat chun dul i ngleic le guaiseacha agus rioscaí san ionad oibre agus leagtar amach ann na struchtúir, na freagrachtaí agus na socruithe le haghaidh bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht. Tá an creat sin bunaithe ar raon cuimsitheach beartas, córas agus nósanna imeachta sábháilteachta ionas gur laghad is féidir an seans atá ann go mbeidh timpiste ag fostaithe, custaiméirí nó duine ar bith atá faoi thionchar ag gníomhaíochtaí na cuideachta, nó go mbainfear gortú dóibh.

Bhí áthas orainn gur dearbhaíodh i mBuiséad na bliana 2019 go gcuirfear maoiniú seasta ón stát ar fáil in 2019 – dhá bhliain chun tosaigh ar na gealltanais faoin bPlean Forbartha Náisiúnta. Is mór an ní é sin, agus fágann sé gur féidir linn tosú ag dul i ngleic leis an tearcmhaoiniú a rinneadh le deich mbliana anuas.

Áirítear leis na feabhsuithe iomadúla ar na táscairí feidhmíochta sábháilteachta in 2018:

- In 2018, dúnadh 8 gcrosaire comhréidh ar línte a mbíonn traenacha ag rith orthu, rud a laghdaigh an baol go dtarlóidh timpiste ar na línte sin;
- Níor imigh aon traein de na ráillí ná níor bhuail aon fheithiclí faoin chéile ar línte a mbíonn traenacha ag rith orthu;
- Tháinig laghdú 9% ar an achar ama a cailleadh de bharr timpistí i gcás na bhfostaithe agus laghdú 13% i gcás na gconraitheoirí;
- Tháinig laghdú 10% ar líon na dtimpistí a tharla do chustaiméirí – sciorradh, tuislí agus titim sna stáisiúin den chuid ba mhó; agus
- Tháinig méadú 17% ar líon na dtuairiscí faoi chásanna inar beag nár tharla timpiste.

Cuireadh tús le roinnt tionscnamh i rith na bliana maidir le timpistí ar cailleadh am dá mbarr, comhéadan na n-ardán traenach, agus sábháilteacht ag na crosairí comhréidh, rud a chuidigh leis na laghduithe sin a bhaint amach. Tá roinnt dúshlán fós romhainn, áfach.

Tháinig laghdú ar líon na gcomharthaí a ndeachthas tharstu go contúirteach agus ina raibh baol mór i gceist, ó thrí cinn go dhá cheann, ach dhúbail líon na dteagmhas sin ina raibh baol ní ba lú i gceist, ó 6 chás go 12. In 2018 freisin, tháinig méadú ar líon na gcásanna inar buaileadh faoi dhroichead, ó 85 cás go 95. Táimid tiomanta don tsábháilteacht a fheabhsú agus déanfaimid ár ndícheall feidhmíocht níos fearr a bhaint amach sna réimsí sin in 2019.

Tugadh i gcrích rith na bliana an t-athdheimhniú ar an nGnóthas Iarnróid agus an t-athúdarú ar an mBainisteoir Bonneagair i gcomhréir le Treoir 2004/49/CE agus leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme.

Táimid dírithe go fóill ar bhearta coiscstheacha, agus leagadh amach sraith tionscnamh i bplean sábháilteachta 2019, a chuirfear i bhfeidhm i rith na bliana chun an fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta, an cultúr sábháilteachta, rioscaí agus sláine agus folláine na bhfostaithe a thomhas agus a fheabhsú. Leanfaimid orainn ag obair leis na húdaráis ábhartha chun an éifeacht a bhíonn ag iompar frithshóisialta ar an ngréasán a íoslaghdú.

### Cúrsaí Airgeadais

Is é an toradh foriomlán don bhliain ná glan-easnamh €1.1 milliún i gcomparáid leis an mbarrachas €6.5 milliún a bhí leagtha síos sa bhuiséad, sin athraitheas diúltach €7.6 milliún.

B'ionann an t-ioncam iomlán ó ghníomhaíochtaí arbh fhiú €281.6 milliún iad i leith na bliana agus €22.5 milliún, a bhí níos fearr ná an méid a leagadh amach sa bhuiséad, agus ba é an t-ioncam ó phaisinéirí ba chúis le €15.3 milliún den athraitheas fabhrach sin. Tá an méadú a tháinig ar ioncam ó phaisinéirí agus ar líon na n-aistear paisinéirí ag teacht leis an méadú a tháinig ar an éileamh ar sheirbhísí iarnróid. In 2018 tháinig méadú ar an ioncam ó sheirbhísí Intercity, seirbhísí Comaitéireachta agus seirbhísí DART.

Tháinig méadú ar líon na n-aistear paisinéirí go 47.9 milliún in 2018, an líon ba mhó fós agus méadú 5.3% i gcomparáid le 2017.

Fuarthas ioncam €220.9 milliún ó phaisinéirí in 2018, sin méadú 7.8% ar an bhfigiúr €204.9 milliún i leith na bliana 2017. Cailleadh ioncam €1.2 milliún de bharr seirbhísí a cuireadh ar ceal agus laghdú ar líon na n-aistear paisinéirí le linn na mbabhtaí drochaimsire sa chéad ráithe den bhliain.

Fuarthas maoiniú €160 milliún ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2018 faoin gConradh Ilbhliantúil Bonneagair (2017: €158.8 milliún). Sholáthair an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú dar luach €97.8 milliún (2017: €114.8 milliún) faoin Oibleagáid Seirbhíse Poiblí le

haghaidh seirbhísí paisinéirí a oibriú agus maoiniú caipitil €36.8 milliún (2017: €32.2 milliún) le haghaidh cothabháil throm a dhéanamh ar an rothstoc agus le haghaidh tionscadail chaipitil eile a bhaineann le paisinéirí.

Gineadh suim airgid €40.6 milliún i leith na bliana. Eascraíonn an t-athraitheas fabhrach airgid ón bhfeabhas ar an toradh trádála, ón OSP iarchurtha, ó thobhaigh bhreise a fuarthas, ó laghduithe ar an méid caipitil oibre a cheanglaítear a bheith ar fáil agus ón laghdú ar an gcaiteachas caipitil ó acmhainní dílse. Glansócmhainní dar luach €47.4 milliún atá ag an gcuideachta, agus suim íseal is ea é sin go fóill. D'fhéadfadh cúlú eacnamaíochta nó laghdú ar an maoiniú ón stát dochar mór a dhéanamh don chlár comhardaithe go fóill.

## Ár gCustaiméirí

Arís eile in 2018, chomhlíonamar agus sháraíomar ár spriocanna oibleagáide seirbhíse poiblí ar gach bealach a bhfreastalaímid air, agus baineadh amach poncúlacht 97% ar sheirbhísí Intercity, seirbhísí DART agus seirbhísí Comaitéireachta.

Fuarthas ioncam níos airde ná riamh agus freastalaíodh ar líon ní ba mhó paisinéirí ná riamh ar fud na seirbhísí Intercity, na seirbhísí Comaitéireachta agus na seirbhísí DART. Méadú 7.8% go €220.9 milliún a bhí i gceist i gcás an ioncaim agus méadú 5.3% go 47.9 milliún aistear i gcás líon na n-aistear paisinéirí.

Lean gníomhaíocht tráchtála na cuideachta ag tacú leis an bhfás a bhí i réim i bpríomhdheighleoga den mhargadh.

- Mar thoradh ar fheachtais mhargaíochta agus ar bhearta maidir le bainistíocht ioncaim, tháinig méadú 38% ar an ioncam ó fhoinsí ar líne, go €54 milliún, sin an leibhéal is airde fós.
- Tháinig méadú 7% ar ioncam TaxSaver go dtí buaicleibhéal €39 milliún mar gheall ar chuideachtaí nua a bheith ag clárú i gcomhair na seirbhíse sin agus mar gheall go raibh ag éirí go geal leis na cuideachtaí a bhí cláraithe linn cheana.
- De bharr feachtais mhargaíochta i measc mic léinn, tháinig méadú 13% ar an ioncam uathu arís eile, go €20 milliún, an t-ioncam ba mhó a fuarthas sa deighleog sin fós.

Sa mhonatóireacht neamhspleách a rinneadh thar ceann Iarnród Éireann ar Shástacht Chustaiméirí, tuairiscíodh go raibh leibhéal sástachta foriomlán 94% fós ann i measc na gcustaiméirí, agus deimhníodh an méid sin sa taighde neamhspleách a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

I measc na dtionscnamh ar tugadh fúthu chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do chustaiméirí a bhfuil mallachar gluaiseachta nó lagú céadfach orthu, bhí an triail a baineadh as scéim maidir leis an DART a bheith Inrochtana, lena chinntiú gur túisce a thabharfar cúnamh do dhaoine agus gur lú an tréimhse fógra a bheidh ag teastáil chun taistil. Leathnófar an scéim sin go dtí an gréasán Comaitéireachta go luath in 2019, agus seolfar feidhmchlár Inrochtaineachta.

Tosaíodh ag earcú Oifigigh Seirbhíse Custaiméara a bheidh ag obair ar na feithiclí, agus á gcur faoi oiliúint. Beart eile atá ansin a chuideoidh le custaiméirí a bhfuil mallachar gluaiseachta nó lagú céadfach orthu. Cuirfear na hoifigigh sin i mbun oibre ar fhormhór ár gcuid seirbhísí Intercity i rith na bliana 2019.

Leis an gclár 'Tús Áite don Chustaiméir', a cuireadh i bhfeidhm ar dtús i mí Aibreáin 2017, tá athrú ó bhonn á dhéanamh fós ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn Iarnród Éireann lena chustaiméirí agus a ndéanann sé gnó leo. I measc na gcumas nua a cuireadh i bhfeidhm bhí díolachán ar líne, bainistíocht ar an gcaidreamh le custaiméirí agus bainistíocht ioncaim, agus chuidigh na bearta sin go léir leis an bhfeidhmíocht mhaith ó thaobh ioncaim agus sástacht na gcustaiméirí i rith na bliana.

## Lastas

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthrácht lastais na Cuideachta in 2018:

- Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath;
- Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath; agus
- Traenacha adhmaid ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le Port Láirge.

Tháinig laghdú ar an ioncam ó lastas iarnróid agus ar an ioncam a rinne an tAonad Lastais (Navigator) ó €8.0 milliún go €7.5 milliún, agus tháinig laghdú ar líon iomlán na dtonnaí a iompraíodh aon chiliméadar amháin ó 100.3 milliún go 88.6 milliún, mar gheall ar dheireadh a bheith curtha le trácht coimeádán DFDS go Cuan Phort Láirge den chuid ba mhó, mar aon leis an laghdú táirgeachta ag Mianaigh na Teamhrach.

Ina theannta sin, tá an tAonad Lastais ag dul i gcomhairle faoi láthair le roinnt páirtithe maidir le deiseanna atá le tapú i dtaobh lastas iarnróid sa mhargadh Earraí Builc agus Coimeádán, agus díreofar ar an luach tráchtála, an luach comhshaoil agus an luach geilleagrach i gcoitinne atá le baint as lastas iarnróid sna margaí sin.

D'éirigh go geal arís eile in 2018 le hAonad Lastais Iarnród Éireann (Navigator), ar sainghné dá chuid oibre é páirteanna carranna a bhailiú agus a dháileadh. Bhí feidhmíocht an ghnó sin ina measc siúd ab fhearr san Eoraip san earnáil sin – seachadadh 99.6% de na horduithe in am ar fud oileán na hÉireann.

# *Athbhreithniú ar Oibríochtaí (ar lean)*

## Europort Ros Láir

Is é Europort Ros Láir an ceathrú calafort is mó in Éirinn ó thaobh an tonnáiste foriomlán a láimhseáiltear, agus is é an dara calafort is mó é i dtaobh thrácht Ro-Ro agus líon na bpaisinéirí. Feidhmítear an calafort mar rannán de chuid Iarnród Éireann, agus is é Iarnród Éireann an tÚdarás Calafoirt i gcomhair Europort Ros Láir. Ioncam €10.6 milliún a rinneadh in 2018 i leith Europort Ros Láir.

I ndiaidh athbhreithniú straitéiseach ar Europort Ros Láir, tá Iarnród Éireann tiomanta d'infheistíocht nach beag a dhéanamh chun forbairt a dhéanamh ar an gcalafort sna 10 mbliana atá romhainn. Tá deiseanna aitheanta ag Iarnród Éireann don chalafort maidir le húsáid níos fearr a bhaint as an acmhainn atá ar fáil, cur lena éifeachtúlacht agus díriú ar earnálacha sonracha, agus na buntáistí a bhaineann le rochtain gan phlódú ar mhargaí na hEorpa agus na Ríochta Aontaithe araon á gcur chun cinn an tráth céanna. Tá sé beartaithe plean infheistíochta €25 milliún a chur i bhfeidhm thar cúig bliana chun an gnó a mhéadú agus chun áiseanna an chalafoirt a fheabhsú. Táimid ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go mbeidh an calafort in ann deiseanna an Bhreatimeachta a thapú agus dúshláin an Bhreatimeachta a shárú, ós rud é go mbainfidh an-tábhacht le hacmhainneacht agus suíomh straitéiseach an chalafoirt sa chás ina n-imeodh an Bhreatain as an Aontas Eorpach.

## Ár nGréasán

I measc na bhfoinsí ioncaim do ghnó an Bhainisteora Bonneagair i leith na bliana 2018 bhí: maoiniú faoin gConradh Ilbhliantúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus muirir rochtana rianta ó gach Gnóthas Iarnróid a d'úsáid an gréasán, lena n-áirítear na seirbhísí lastais go léir agus na seirbhísí go léir do phaisinéirí. Fuarthas €248.0 milliún san iomlán i leith na bliana 2018 agus soláthraíodh na haschuir go léir a bhí réamh-mheasta. Bhí cuid de na buntáistí a bhain leis an obair sin le sonrú leis an laghdú ar an achar ama a thóg aistir, le baint amach spriocanna feidhmíochta i leith seirbhísí paisinéirí agus le tabhairt isteach seirbhís DART níos minice ón 9 Nollaig 2018.

## Dul chun cinn i rith 2018

Údarú Sábháilteachta: I mí an Mhárta 2018 rinneadh athnuachan ar Údarú Sábháilteachta an Bhainisteora Bonneagair go ceann ceithre bliana eile.

Glanadh Ballasta: Rinneadh athnuachan ar 22.7 míle den rian in 2018, le linn an 4ú bliain den chlár seo, rud a fhágann go bhfuil an obair sin curtha i gcrích maidir le 92.7 míle den rian anois. Is mó i bhfad is féidir brath ar na seirbhísí paisinéirí dá bharr sin agus is lú i bhfad an t-achar ama a thógann na haistir ar líne Chorcaí.

Uasghrádú comharthaí: Le linn dheireadh seachtaine na Cásca 2018, rinneadh na comharthaí i gCill Chainnigh a uasghrádú agus a choimisiúnú, rud a chuir deireadh le fadhb dhífheidhmeachta agus a fhágann gur fearr is féidir brath ar na seirbhísí traenach ar líne Phort Láirge.

Oibreacha tógála: Sa tríú ráithe de 2018 tosaíodh ag tógáil ardán nua, an dara ceann, ag Acomhal Luimnigh. De réir an sceidil, beidh sé á chur in úsáid sa tríú ráithe de 2019, rud a laghdóidh go mór an t-achar ama a thógann na seirbhísí traenach go Corcaigh, Luimneach agus Trá Lí. Suiteáladh fo-dhroichead mór le linn dheireadh seachtaine na Cásca 2018 chun éascú don charrbhealach dúbailte a thógáil ar sheach-chonair na Sollán.

Forbairt: I gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cuireadh iarratas isteach chuig an gCiste Athghiniúna um Fhorbairt Uirbeach, agus má cheadaítear é sin tógfar stáisiún nua mar chuid de mhol iompair comhtháite do Chathair Phort Láirge.

Cuireadh tús leis an obair chun díon nua a chur ar Stáisiún an Phiarsaigh sa tríú ráithe de 2018. Tá drochbhail ar an díon, a cuireadh ar an stáisiún sna 1880idí, agus cuireadh líontán cosanta in airde thíos faoi le blianta beaga anuas chun custaiméirí agus seirbhísí iarnróid a chosaint, mar gheall ar an gcreimeadh atá déanta ar an díon. Tá sé aitheanta ag Iarnród Éireann gur tionscadal an-tábhachtach ar fad ó thaobh na sábháilteachta é an díon nua a chur ar an stáisiún. Baineann dúshlán leis an bpróiseas tógála ós rud é nach mór an Stáisiún a choinneáil ar oscailt le linn fhormhór na n-oibreacha agus go gcuireann na hoibreacha a dhéantar san oíche isteach ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu gar don stáisiún.

Conradh Ilbhliantúil: Thugamar chun críche den chuid is mó, i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, forbairt an Chonartha Ilbhliantúil nua i leith na tréimhse 2019 – 2024, ina leagtar amach na leibhéil mhaoinithe agus na cláir oibre i gcomhair na tréimhse cúig bliana amach romhainn.


HOTEL
ROYAL MARINE HOTEL
CIE TOURS
International

# Athbhreithniú ar Chúrsaí Comhshaoil in CIÉ

## Astaíochtaí Carbóin

Tá úsáid an iompair phoiblí inbhuanaithe fós á cur chun cinn an CIÉ trína chuid fochuideachtaí oibríocha. Tá na hastaíochtaí carbóin in aghaidh an chiliméadair a thaistealaíonn duine aonair 80% níos ísle ar sheirbhísí iompair phoiblí ná mar atá i gcarranna príobháideacha. Tá Éire fós gar do bharr an liosta de thíortha na hEorpa i dtaobh na húsáide a bhaintear as carranna príobháideacha, agus mar sin tá deis mhór le tapú chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú trí aistriú chuig seirbhísí iompair phoiblí.

## Forbhreathnú ar Ídiú Fuinnimh an Ghrúpa in 2018

Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:

- Ola dhíosail d'fhlíteanna busanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, do charráistí Intercity Iarnród Éireann agus Traenacha Díosail Ilaonad;
- Leictreachas a úsáidtear ar sheirbhís DART Iarnród Éireann, i gcrosairí comhréidhe uathoibríocha, i stáisiúin traenach agus bus, i seomraí trealaimh, i gceardlanna agus i dtaobh riachtanais ghinearálta oifige; agus
- Gás nádúrtha agus ola théimh le haghaidh oifigí agus ceardlanna a théamh.

Tá an phróifíl úsáide i leith 2018/2017 leagtha amach sa tábla thíos.


| | MWh 2018 | MWh 2017 |
|---|---|---|
| Ola dhíosail le haghaidh feithiclí a tharraingt | 1,015,786 | 989,761 |
| Leictreachas le haghaidh feithiclí a tharraingt | 26,222 | 25,240 |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 46,672 | 47,539 |
| Gás | 26,275 | 22,778 |
| Ola théimh | – | 447 |
| **Tomhaltas Fuinnimh iomlán** | **1,114,955** | **1,085,765** |

Tá an laghdú leanúnach ar an méid fuinnimh a ídítear in aghaidh gach milliún aistear custaiméirí leagtha amach thíos.

### Bearta a glacadh chun costais fuinnimh a laghdú

Tá an Grúpa ag díriú go leanúnach ar chostas an fhuinnimh a laghdú an oiread is féidir. Seo a leanas roinnt de na bearta a rinneadh in 2019 agus atá pleanáilte le haghaidh 2018:

## Tomhaltas Fuinnimh le hais Aistir Custaiméirí



## Bus Átha Cliath

Is é Bus Átha Cliath an soláthraí iompair phoiblí is mó i mBaile Átha Cliath (is ar bhus a bhíonn breis is 60% de na haistir iompair phoiblí go léir isteach chuig lár chathair Bhaile Átha Cliath). Agus í mar phríomhoibreoir na mbusanna uirbeacha i mBaile Átha Cliath, chlúdaigh Bus Átha Cliath 120 bealach agus 57.1 milliún ciliméadar in 2018. Is inbhuanaithe é an taisteal le Bus Átha Cliath ná carr príobháideacha a úsáid mar gheall ar na bearta seo a leanas:

### Bearta a Rinneadh in 2018

In 2018 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo an fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Glacadh le 141 bus nua atá feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6 – inneall níos lú agus níos éifeachtaí a úsáidtear le fonnadh níos éadroime chun ídiú breosla a laghdú.
- Leanadh ar aghaidh ag cur oiliúint Vigil Vanguard ar na tiománaithe.
- Soláthraíodh oiliúint maidir le teicnící tiomána atá báúil don chomhshaol trí Dheimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe (CPC).
- Leanadh ag aghaidh ag cur soilse dé-óid astaithe solais (LED) in áit seansoilse sna foirgnimh agus amuigh faoin spéir de réir mar a chlis orthu.
- Suiteáladh córais bainistíochta breosla sna hiostaí go léir ar fud na cathrach agus ar an bhflít iomlán feithiclí (breis is 1,000 bus).
- Rinneadh monatóireacht níos fearr ar fhuinneamh agus cuíchóiriú ar chumas fuinnimh.
- Oifigeach Feidhmiú Fuinnimh

### Bearta i gcomhair 2019

In 2019 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú a thuilleadh leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Tuilleadh feithiclí nua a cheannach a bheith feistithe le hinnill ar chaighdeán Euro 6. Tógfaidh na feithiclí nua sin áit seanfheithiclí nach bhfuil chomh héifeachtach leo;
- Tús a chur le triail a bhaint as naoi mbus leictreacha díosail hibrideacha ag a bhfuil coscánú athghiniúnach ionas gur lú an méid breosla a ídeofar;
- Triail a bhaint as teicneolaíocht tiomána atá báúil don chomhshaol, le córas teileamaitice ar bord na bhfeithiclí;
- Úsáid a bhaint as sonraí ón gcóras bainistíochta breosla i ngach iosta chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar úsáid breosla;
- Leanúint ag aghaidh ag cur soilse LED in áit seansoilse;
- An Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a chur chun feidhme, agus
- Leanúint ar aghaidh ag cuardach deiseanna eile fós chun fuinneamh a spáráil ar fud na cuideachta tríd an gCóras Bainistíochta Fuinnimh atá againn.

Leanfaidh Bus Átha Cliath ar aghaidh ag cuardach deiseanna eile fós chun fuinneamh a spáráil trí a chuid foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

## Bus Éireann

### Spriocanna fuinnimh a baineadh amach in 2018

I rith 2018, chuir Bus Éireann na cláir seo a leanas chun feidhme chun ráta ídithe fuinnimh na Cuideachta a laghdú:

- Cuirtear oiliúint ar na tiománaithe maidir le tiomáint atá báúil don chomhshaol, rud a chothaíonn feasacht ar oibleagáidí i leith an chomhshaoil;
- Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cuireadh do Bhus Éireann, Bus Átha Cliath agus don Údarás Náisiúnta Iompair páirt a ghlacadh sa phleanáil i dtaobh na dtrialacha atá beartaithe ag an Roinn ar Bhreoslaí Malartacha, agus tacú leo. Is é is aidhm leis na trialacha sin bonn eolais a chur faoi chinntí beartais amach anseo maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe i gcomhair gléasraí cumhachta nach ngineann mórán astaíochtaí nó nach ngineann astaíochtaí ar bith a úsáid sna busanna poiblí.
- I measc na dteicneolaíochtaí atá i gceist sna trialacha tá roinnt busanna aon stór agus busanna dhá stór a ritheann ar leictreachas amháin, ar chumhacht hibrideach, ar ghás nádúrtha comhbhrúite agus ar chealla breosla hidrigine. Tá siadsan á dtástáil i gcomparáid le teicneolaíochtaí díosail astaíochtaí ísle atá ann cheana.
- Síníodh conradh le comhairleoir éifeachtúlachta fuinnimh atá ag glacadh páirt i scéim éifeachtúlachta an Rialtais. Fágfaidh sé sin gur féidir díriú isteach in 2019 ar ár gcórais bhainistíochta fuinnimh a fheabhsú agus ar spriocanna laghdaithe fuinnimh a bhaint amach, gan aon chostas a bheith i gceist.
- Éascaíodh do chur i bhfeidhm an chórais teileamaitice ar an bhflít nuair a síníodh conradh leis an soláthraí roghnaithe in 2018. Fágann an córas sin gur fearr an aird a bhíonn ag na tiománaithe ar a bhfeidhmíocht tiomána, agus ar an tionchar a bhíonn ag an tiomáint ar ídiú breosla agus ar shábháilteacht na bpaisinéirí.
- Ainmníodh ball den fhoireann shinsearach cheannaireachta mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh Bhus Éireann. Ag teacht le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí, tá an té sin freagrach as bainistíocht agus feidhmíocht fuinnimh.

*Athbhreithniú ar Chúrsaí Comhshaoil in CIÉ (ar lean)*

- Ghlac Bus Éireann páirt i dtriail mhór a baineadh as breoslaí malartacha sa cheathrú ráithe de 2018, faoi stiúir na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Baineadh úsáid as áiseanna Bhus Éireann ag an gCloch Leathan i mBaile Átha Cliath agus i dTobar an Chaipín i gCorcaigh i gcomhair na trialach. Is éard atá i gceist leis an tionscnamh ná monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus feidhmíocht astaíochtaí i gcás sé chineál éagsúla feithicle, agus leanfar ar aghaidh leis in 2019. Is é is aidhm leis bonn eolais a chur faoi bheartas an Rialtais maidir le hinfheistíocht sa fhlít iompair phoiblí.
- Tá 43% de fhlít Bhus Éireann ag cloí anois leis an gcaighdeán astaíochtaí Euro 6 i leith innill níos glaine. Cuirfear leis an gcéatadán sin arís in 2019 tráth a bhfuil sé pleanáilte busanna nua a fháil.

## Iarnród Éireann

*Nóta 1: Díosal i gcomhair Tarraingthe*

Tháinig méadú 1.6% ar an méid díosal a ídíodh tráth ar tháinig méadú 8% ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí i gcomparáid le figiúr na bliana 2017, i gcomhréir le méadú foriomlán 8% ar fud na seirbhísí go léir. Tháinig feabhas dá bharr sin ar an éifeachtúlacht arna tomhas de réir ídiú fuinnimh in MWh i leith gach 10,000 ciliméadar a thaistil paisinéirí.

Tháinig méadú 1.3% ar líon na gciliméadar traenach de bharr seirbhísí breise a bheith curtha leis an sceideal chun freastal ar an éileamh a bhíonn seasta ag dul i méid. Tá córais teileamaitice á bhfeistiú ag Iarnród Éireann ar an sean-rothstoc, rud a chuirfidh le cruinneas na sonraí, mar go mbeidh sonraí ar líne againn maidir leis an achar a taistealaíodh agus an méid breosla a ídíodh.

Tháinig laghdú 0.2% ar éifeachtúlacht, arna thomhas de réir ídiú fuinnimh in MWh i leith gach 100 ciliméadar a thaistil na traenacha.

Tháinig méadú 3% ar líon na gciliméadar a chlúdaigh na traenacha díosail ilaonad agus iad i mbun seirbhíse, mar gheall gur tugadh isteach na seirbhísí breise seo a leanas, a tháinig i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2018:

- Seirbhísí comaitéireachta seachbhuaice go Maigh Nuad gach leath uair an chloig i rith na seachtaine ar fad;
- Sé sheirbhís bhreise idir Droichead Átha agus Baile Átha Cliath ó Luan go hAoine;
- Seirbhísí gach uair an chloig in ionad gach dhá uair an chloig ar an líne idir Droichead Átha agus Baile Átha Cliath ar an Domhnach;
- Seirbhís seachbhuaice in aghaidh na huaire ó Luan go hAoine trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce
- Sainseirbhísí galánta breise i gCorcaigh (ó Mheitheamh 2018);
- Rinneadh cuid den mhéadú ar líon na gciliméadar inseirbhíse a chúiteamh trí chuíchóiriú a dhéanamh ar na nasc-aistir a dhéantar ionas go laghdófar an ghluaiseacht a dhéanann na traenacha agus iad folamh. Mar shampla, tá traein díosail ilaonad á coinneáil thar oíche anois i nGuaire, rud a fhágann nach gá di filleadh ar Dhroichead Átha tráthnóna agus í folamh ná aistear a dhéanamh go Guaire ar maidin agus í folamh arís;
- Is le hinneall a tharraingítear na traenacha ar na seirbhísí paisinéirí idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh agus idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, ar na seirbhísí lastais agus ar na traenacha innealtóireachta;
- Cuireadh leis an úsáid a bhaintear as innill traenach ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh sa chaoi is go mbeidh traenacha díosail ilaonad ar fáil i gcomhair na seirbhísí nua a luaitear thuas;
- Tháinig laghdú 11% ar an úsáid a bhaintear as innill ar sheirbhísí lastais mar gheall ar an laghdú ar an éileamh ar iompar lastais; agus
- Cuirtear cumhacht innill ar fáil freisin i gcomhair oibreacha bonneagair agus, in 2018, úsáideadh níos mó díosail mar gheall ar na mór-oibreacha ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh.

*Nóta 2*

Tháinig méadú 6.3% ar fhigiúr na bliana 2018 i leith ciliméadair thraenach an DART mar gheall gur tugadh isteach tráthchlár níos minicí ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, agus tháinig méadú 3.9% ar an méid fuinnimh a ídíodh dá réir. Beidh tionchar iomlán an bhirt sin le feiceáil in 2019.

Tháinig méadú eile 4.3% ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí ar an DART in 2018.

*Nóta 3*

Tá laghdú 1.1% tagtha ar an méid breosla a úsáidtear ar na bóithre. Is é an chúis is mó leis sin ná go bhfuil feithiclí níos éifeachtúla á gcur in ionad seanfheithiclí agus go bhfuil córas teileamaitice á thabhairt isteach ar bhonn teoranta.

*Nóta 4*

Tháinig méadú 0.6% ar an méid leictreachais a ídíodh i gcomhair sócmhainní seasta (foirgnimh, an córas comharthaíochta, an córas teileachumarsáide) in 2018. Tháinig méadú ar líon na bpointí soláthair (pointí méadraithe) ó 610 go 618.

Tá cláir leanúnacha i bhfeidhm chun laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a ídítear ar theas agus solas agus seirbhísí eile.

Tá níos mó leictreachas á ídiú an tráth céanna mar gheall ar uathoibriú níos mó a bheith á dhéanamh – meaisíní díola ticéid ar na traenacha, Raidió Traenach, crosairí comhréidh uathoibríocha – agus mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe.

*Nóta 5*

Tháinig méadú 5% ar an méid gáis a úsáideadh i gcomparáid le 2017. Ba é an chúis ba mhó leis sin ná an drochaimsir nár dhual don séasúr i mí an Mhárta 2018 agus preab réamh-mheasta san éileamh de réir mar a shocraigh na cláir laghdaithe síos.

*Nóta 6*

Tá méadú 1.8% tagtha ar an úsáid fhoriomlán fuinnimh: 83% i leith díosail i gcomhair tarraingthe, 12% i leith leictreachas i gcomhair tarraingthe, agus 5% i leith gáis.

*Nóta 7*

Tháinig méadú 7.5% ar líon na gciliméadar a thaistil paisinéirí i gcomparáid le méadú 1.6% san iomlán i dtaobh úsáid fuinnimh. Tháinig feabhas ar an éifeachtúlacht dá bharr sin, agus tháinig laghdú ar an ídiú sonrach ó 61% go 58% i gcomparáid leis an mbunlíne.

*Nóta 8*

Tháinig méadú 1.3% ar líon na gciliméadar traenach i gcomparáid le méadú 1.6% ar úsáid fhoriomlán fuinnimh, as ar eascair laghdú 0.2% ar an éifeachtúlacht. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur fhág sé sin gur tháinig méadú ar líon na seirbhísí agus líon na bpaisinéirí a iompraíodh, agus áirítear leis an acmhainn chun níos mó paisinéirí fós a iompar in 2019.

*Nóta 9*

Tháinig méadú ar chostas an fhuinnimh i gcás Gáis (3%) agus Leictreachais (11%) ach d'fhán an costas seasta i gcás Díosail.

Déantar ceannacháin díosail a fhálú ar aghaidh ionas agus mar sin léiríonn na praghsanna an praghas fálaithe, ní an 'Prap-phraghas'.

## Bearta a rinneadh in 2018 agus atá pleanáilte le haghaidh 2019

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh in 2018 lena chuid oibre ar roinnt leibhéal:

*Breosla Díosail i gcomhair tarraingthe*

- Breiseán Breosla Envirox (chun an méid breosla a ídítear a laghdú agus na scagairí DP a choinneáil glan in innill díosail).
- Críochnaíodh ag suiteáil córas uathoibrithe lódála breosla (Accuload) ag Iosta Bhóthar Alexandra. Tá an tionscadal sin á pháirtmhaoiniú faoin Scéim Creidmheasanna Fuinnimh.
- Críochnaíodh ag suiteáil córas um dháileadh breiseán ag Iosta Bhóthar Alexandra chun flít iomlán Iarnród Éireann a chóireáil; tá an tionscadal sin á pháirtmhaoiniú faoin Scéim Creidmheasanna Fuinnimh.
- Léiríonn an anailís ar na sonraí ón triail in Iosta Chorcaí go bhfuil seans ann go bhféadfaí costais 6% nó mar sin a spáráil, agus tá sé i gceist an fhlít iomláin a chóireáil i mí an Mhárta 2019.

*Giarbhosca sna Traenacha Díosail Ilaonad (Carranna Iarnróid Intercity) – Athsholáthar*

- Críochnaíodh ag feistiú traein 22000 trí charráiste in 2018 agus léirigh an tástáil bhse go bhféadfaí spáráil airgid breis is 20% a bhaint amach ar an bhflít sin.
- Lena chois sin, éascaíonn an triail sin d'fheithiclí a thiontú ina bhfeithiclí hibrideacha sula i bhfad (sonraí thall).

*Iarnród Éireann: Tiomáint Hibrideach ar an bhflít carranna iarnróid de chuid InterCity*

- Beidh an t-inneall hibrideach díosail/leictreach á rith faoi chumhacht leictreachais amháin i gceantair uirbeacha agus laghdófar an méid breosla a ídítear agus na hastaíochtaí dá bharr sin.
- Ceadaíodh maoiniú €15 mhilliún ón rialtas (Ciste na Gníomhaíochta ar son na hAeráide) chun pacáistí cumhachta hibrideacha nua a dhearadh agus a thástáil i gcarranna iarnróid de chuid Intercity chun níos lú breosla a úsáid agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tar éis an chruthúnais coincheapa le traein amháin trí charráiste, cuirfear na pacáistí cumhachta hibrideacha i bhfeidhm ar fud an fhlít go léir agus le linn Clár Cothabháil Throm leanúnach..

*Innill traenach – Athsholáthar*

- Cuireadh tionscadal ar bun in 2018 chun innill éifeachtacha nua-aimseartha, ar lú iad ná na sean-innill agus a bhfuil múchadh uathoibríoch ina ghné chaighdeánach díobh, a chur in ionad na n-inneall 2-stróc atá 20 bliain d'aois, ach níor tháinig cás gnó inmharthana chun cinn as sin. Tá an tionscadal sin curtha ar ceal anois.

*Córas chun monatóireacht a dhéanamh ar cá bhfuil traenacha*

- Tá córas cianmhonatóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm faoi láthair ar an bhflít inneall, agus ar fhormhór na dtraenacha díosail ilaonad a iompraíonn comaitéirí.
- Leis an gcóras fíor-ama sin, is féidir a thomhas go cruinn an fad achair a thaistealaítear, rud a fhágann gur féidir athrú ó chigireachtaí traenach ar bhonn ama go dtí cigireachtaí ar bhonn an fhaid achair a clúdaíodh. Spárálfar airgead dá bharr sin.
- Tá an tionscadal sin ar bun faoi láthair agus tá sé á pháirtmhaoiniú faoin Scéim Creidmheasanna Fuinnimh.

*Córas monatóireachta ar bhreosla traenach*

- Tá córas cianmhonatóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm faoi láthair ar an bhflít feithiclí 201 chun leibhéal an bhreosla san umar a thomhas, ionas go bhféadfar tuairisciú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht i dtaobh ídiú breosla.




NIGHTCRAWLER
OCT 31

# Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Luaitear thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2018 go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

| | |
|---|---|
| Fiona Ross | *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin (Ceaptha 26 Meitheamh 2018)* |
| Frank Allen | |
| Ultan Courtney | |
| Denise Guinan* | *(Ceaptha 25 Iúil 2018)* |
| Stephen Hannan* | |
| John Moloney* | *(Chuaigh sé ar scor 31 Bealtaine 2018)* |
| Christine Moran | *(Chuaigh sí ar scor 6 Iúil 2018)* |
| Aidan Murphy | |
| Tom O'Connor* | |
| Ruairi O'Flynn | *(Chuaigh sé ar scor 23 Iúil 2018)* |
| Liam O'Rourke | *(Ceaptha 4 Meán Fómhair 2018)* |
| Niamh Walsh | *(Básaithe 22 Iúil 2018)* |
| Tommy Wynne* | |

** Comhalta Oibrí*

**Rúnaí an Bhoird**

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008



# Coistí an Bhoird

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| | |
|---|---|
| Christine Moran | *Cathaoirleach (Chuaigh sí ar scor ar 6 Iúil 2018)* |
| Patricia Golden | *Cathaoirleach (Ceaptha 20 Lúnasa 2018 Chuaigh sí ar scor ar 12 Feabhra 2019)* |
| Liam O'Rourke | *Cathaoirleach (Ceaptha 13 Feabhra 2019)* |
| Brendan Lenihan | *(Ceaptha 20 Lúnasa 2018)* |
| Aebhric McGibney | *(Ceaptha 20 Lúnasa 2018)* |
| Niamh Walsh | *(Básaithe 22 Iúil 2018)* |

## An Coiste Luacha Saothair

*(Foirceannaithe 12 Nollaig 2018 agus freagrachtaí aistrithe go Coiste Stráitéise CIÉ)*

| | |
|---|---|
| Niamh Walsh | *Cathaoirleach (Básaithe 22 Iúil 2018)* |
| Frank Allen | |
| Ultan Courtney | |
| Aidan Murphy | |
| Fiona Ross | *(Ceaptha 4 Iúil 2018)* |

## An Coiste Straitéise

| | |
|---|---|
| Ruairi O'Flynn | *Cathaoirleach (Chuaigh sé ar scor 23 Iúil 2018)* |
| Frank Allen | |
| Ultan Courtney | |
| Aidan Murphy | |
| Fiona Ross | *(Ceaptha 4 Iúil 2018)* |

## Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| Ray Coyne | *Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath,* |
| David Franks | *Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann (Chuaigh sé ar scor ar 28 Feabhra 2018)* |
| Ronan Gill | *Acting Chief Operating Officer, CIÉ* |
| Ray Hernan | *Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann (Ceapadh é ar an 1 Eanáir 2018, Chuaigh sé ar scor ar 31 Lúnasa 2018)* |
| Stephen Kent | *Príomhoifigeach Oibriúcháin Gníomhach, Bus Éireann (Ceapadh é ar 1 Samhain 2018)* |
| Jim Meade | *Príomhfheidhmeannachv, Iarnród Éireann (Ceapadh é ar an 1 Márta 2018)* |
| Lorcan O'Connor | *Príomhfheidhmeannach, CIÉ (Ceapadh é ar an 11 Márta 2019)* |

## Iniúchóirí

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Áras Deloitte & Touche
29 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Aturnae

Colm Costello
Bridgewater House
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

## Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



## Fiona Ross *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Fiona Ross chuig an Bhord mar Chathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin i Meitheamh 2018. Is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin le taithí thar an gcoitianacht í, i ndiadh bheith ar 17 mbord in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe thar 6 bliana anuas. Díríonn sí ar rialú, eitic, claochlú digiteach agus rialú digiteach. I 2018, cheap Rialtas na hÉireann í mar chathaoirleach ar Chóras Iompair Éireann (CIÉ), soláthróir iompair poiblí na hÉireann.

Thosaigh Fiona a gairm mar stocbhróicéir i gCathair Londain agus chaith sí 25 bliain ag obair i ngach roinn laistigh de mhargaí caiptil i mBaile Átha Cliath, Londain, Oirthear na hEorpa agus na Stáit Aontaithe. Tá saineolas faoi leith ag Fiona i bhfiachas agus i gcistiú gnáthscaireanna agus liostaithe stocmhalartán.

I 2010, cheap an tAire Ealaíon, Fiona le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a reachtáil, áit ar éirigh go rathúil lei ina Stiúrthóir/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar feadh dhá théarma. Ina dhiaidh sin, lean Fiona lena suim sna healíona, chuaigh sí isteach i gClann Heaney mar Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin le cuidiú leis an eastát liteartha a bhunadh agus bhí sí ina Stiúrthóir Bunaidh ar EPIC, an Músaem Imirce Éireannach. Déanann sí cathaoirleacht ar Shláinte Mheabhrach na hÉireann.

Is céimí de chuid Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil na Banríona agus Institiúd Ealaíona, Dearadh agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire í, áit a chríochnaigh sí MSc i Cibirshiceolaíocht i 2017. I 2012, Bronnadh comhbhráithreachas i Rialú ag Ollscoil George Washington sna Stáit Aontaithe uirthi. Is comhalta de Choiste Stráitéise CIÉ í Fiona.



## Frank Allen

Ceapadh Frank Allen in chomalta ar Bhord CIÉ i Meán Fómhair 2017. Is comhairleoir airgeadais neamhspleách é, ag tabhairt comhairle ar infheistíocht agus oibríochtaí bonneagair, in eacnamíochtaí i mbéal forbartha nó trasdula. Bhí sé mar Phríomhoifigeach na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid ó 2002 go 2012. Le linn na tréimhse sin, bhí an Ghníomhaireacht freagrach as an líne Dhearg agus an líne Ghlas de chóras iarnród éadrom Luas a thógáil agus as síneadh a chur leo go dtí na Duganna, go Coill na Silíní agus go hIarthar na Cathrach. Is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus MIT é Frank. D'oibrigh sé roimhe seo don Bhanc Domhanda i Washington DC, ag socrú maoiniú le hinfreastruchtúr a fhorbairt i dtíortha i mbéal forbartha agus in Oirthear na hEorpa agus bhí sé ina Cheann ar Mhaoiniúchán Infreastruchtúir do Bhanc KBC in Éirinn. Tá sé ina Chathaoirleach ar Depaul Éireann, a chuireann cóiríocht agus tacaíocht eile ar fáil do dhaoine gan dídean. Is comhalta de Choiste Boird Stráitéise CIÉ é Frank.



## Ultan Courtney

Ceapadh Ultan Courtney chuig Bord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2014. Tá an-taithí aige ar a bheith ag obair sa réimse Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Tá sé ag obair mar Stiúrthóir Bainistíochta ar a ghnó comhairleoireachta féin agus roimhe sin bhí sé ag obair le C&C Group Plc, Superquinn, Waterford Foods agus IBEC. Bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Céim Mháistir san Eacnamaíocht air agus tá roinnt cáilíochtaí aige i réimse an dlí fostaíochta, na hidirghabhála, an eadráin agus an rialachais dlí. Is comhalta de Choiste Boird Stráitéise CIÉ é Ultan.



## Denise Guinan

Ceapadh Denise Guinan chuig Bord CIÉ in Iúil 2018 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontar Stáit), 1977 go 2001. Ceapadh í i ngrád cléireachais Bus Átha Cliath i 1989 agus oibríonn sí i nGaráiste na Rinne. Is ball de Cumann Fhostaithe Iompair agus Tuarastail í.



## Stephen Hannan

Ceapadh Stephen Hannan ar an mBord i mí na Nollag 2017 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Oibríonn sé mar thiománaí bus i nGaráiste na Rinne. Is ball de SIPTU é agus is iomaí post éagsúil a bhí aige sa cheardchumann le beagnach 30 bliain anuas. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste na mBustiománaithe, ina leas-chathaoirleach ar Choiste na hEarnála Iompair, ina bhall den Choiste Rannach agus ina Ionadaí Iosta gan ach roinnt a ainmniú.



## John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh sé le Bus Éireann agus bhí sé ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta den NBRU é. Chuaigh sé ar scor ón mbord ar 31 Bealtaine 2018.



## Christine Moran

Ceapadh Christine Moran ina comhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2015. Bhí sí ina stiúrthóir feidhmiúcháin roimhe sin le KBC Bank Ireland, áit ar fhóin sí i róil shinsearacha cheannaireachta éagsúla, agus bhí an-taithí aici i réimsí an chreidmheasa, an airgeadais agus na bainistíochta rioscaí. Bhí sí ina comhalta agus ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhoird CIÉ.



## Aidan Murphy

Ceapadh Aidan Murphy ina chomhalta de Bhord Bus Éireann don chéad uair in Aibreán 2013 agus ina Chathaoirleach i mí Iúil 2014. Ceapadh é ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2014 freisin.

Tá taithí na mblianta ag Aidan ag obair mar ghairmí slabhra soláthair. Roimhe seo bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach le Pulse Logistics, ina Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair le C&C Group, ina Bhainisteoir Ginearálta le Wincanton Ireland agus ina Stiúrthóir Lóistíochta le Allegro Ltd. Thug sé spreagaithisc ag roinnt imeachtaí de chuid Shlabhra Soláthair san Eoraip lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus is Comhalta é den Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair in Éirinn (CILT), a mbíodh sé ina Uachtarán uirthi tráth agus is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin de M&M Walshe Group freisin é.

Is comhalta de Coiste Straitéise Bord CIÉ Aidan.



## Tom O'Connor

Ceapadh Tom O'Connor ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tiománaí bus is ea é i nGaráiste na Rinne. Tá sé i gCeardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid, tá sé ina chomhalta den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'fhóin sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



## Ruairi O'Flynn

Ceapadh Ruairí O'Flynn ina chomhalta Boird i mí Iúil 2015. Is comhalta boird é freisin le Canada Life International Reinsurance, Irish Life Investment Managers agus MetLife Europe. Bhíodh sé ina Phríomhfheidhmeannach le Canada Life Ireland agus ina Phríomhfheidhmeannach le Setanta Asset Management agus le Lifetime Assurance. Is le Grúpa Bhanc na hÉireann a bhí sé ag obair ar dtús agus bhíodh sé ina chomhalta dáimhe lánaimseartha ag an IMI. Tá céim B.B.S agus céim M.Sc. sa Bhainistíocht ag Ruairí ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Ghlac sé páirt sa Chlár Stiúrthóirí Idirnáisiúnta 2015 ag Scoil Ghnó Insead. Chuaigh sé ar scor ón mBord ar 23 Iúil 2018.



## Liam O'Rourke

Ceapadh Liam O'Rourke chuig Bord CIÉ ar 4 Meán Fómhair. Is Comhalta de Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí (FCPA) é. Bhí poist shinsearacha feidhmeannacha aige le cuideachtaí idirnáisiúnta déantúsaíochta Meiriceánacha ar feadh os cionn 30 bliain agus tá an-chuid táithí aige in airgeadais, acmhainní daonna agus TFC. Bhí sé ina Stiúthóir Airgeadais/Rialtóir ar Champion Spark Plug Company agus is Iniúchóir Inmheánach Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann é. Is Cathaoirleach Coiste Iniúchóireachta agus Riosca CIÉ é Liam.



## Niamh Walsh

Ceapadh Niamh Walsh ina comhalta den Bhord i mí Iúil 2015. Bhí taithí 25 bliana aici i réimse na Baincéireachta Infheistíochta, taithí a fuair sí i Londain, i Hong Cong agus i mBaile Átha Cliath. Roimhe sin bhí sí ina Príomhoifigeach Riosca le J.P. Morgan Bank plc i mBaile Átha Cliath agus ina Comh-Phríomhfheidhmeannach le Bear Stearns Bank plc. Bhí sí ina comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta agus d'Institiúid Chairte na Rúnaithe agus na Riarthóirí. Bhí Niamh ina comhalta do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca CIÉ agus ina Chathaoirleach do Choiste Luach Saothar Oibre CIÉ. Is ábhar bróin dúinn gur shíothlaigh Niamh ar 22 Iúil 2018.



## Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ina chomhalta Boird den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh sé le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Tá Ard-Dioplóma in Oibríochtaí Iarnród Idirnáisiúnta ó Glasgow Caledonia University ag Tommy. Faoi láthair tá sé ina Uachtarán ar Rannóg TEAC SIPTU agus ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair de chuid SIPTU.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh



## An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas. Tá triúr folúntas ar an mBord faoi láthair. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar an mBord. Ceapann an Rialtas na Comhaltaí Oibrí ar feadh téarma ceithre bliana, le toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile seacht uair sa bhliain ar a laghad agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó athbhreithniú a dhéanamh orthu, lena n-áirítear ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, na buiséid, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, ceapacháin lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn rialta. Athbhreithníonn an Bord feidhmíocht in aghaidh Buiséad agus Réamhaisnéis

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

### Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iadsan an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), an Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Luacha Saothair agus Coiste Straitéise. Tar éis athstruchtúrú na coistí, foirceannadh an Coiste Luach Saothar ar 12 Nollaig 2018 agus aistríodh a fhreagrachtaí go dtí chuig an Coiste Straitéise.

### Foireann na hArdbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Aonán CIÉ (an tAonán) freagrach as bainistíocht laethúil ar ghníomhaíochtaí an Aonáin de réir mar a bhíonn siad tarmligthe ag an mBord. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochtúil atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí ar nós; Airgeadas, Iniúchóireacht, Rúnaíocht an Chomhlachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, TF, Pinsin, Imscrúduithe & Éilimh agus Cúrsaí Dlí. Tá freagracht ar an Aonán freisin as na gníomhaíochtaí a chomhordú ó thaobh tuairiscithe agus rialachais de i dtaca le Grúpa comhlachtaí CIÉ.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ('CIR')

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus tá Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin air faoi láthair atá ina Cathaoirleach Coiste agus beirt comhalta Coiste nach bhfuil ina gcomhaltaí ar Bhord CIÉ. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2018.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Deloitte Ireland LLP, tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Mhol an CIR don Bhord gur cheart Deloitte a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018. Níorbh ann do cheangaltais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a chuireann Deloitte Ireland LLP ar fáil, tar éis gur ceapadh é, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €335,000 ar fáil don Ghrúpa in 2018. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí an Ghrúpa trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid Fhochuideachtaí Oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Chomh maith leis sin, ceadaíonn an CIR cláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí don Ghrúpa, buaileann sé go tréimhsiúil le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn an CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann ARC athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann moltaí i dtaca leis na gníomhaíochtaí rialaithe i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

# *Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)*

## Coiste Luach Saothair an Bhoird(CLSB)

Scoireadh den CLSB ar 12 Nollaig 2018 agus aistríodh a chuid freagrachtaí chuig Coiste Bhord Stráitíse CIÉ.

Bhí Tearmaí Tagartha scríofa ag an Bhord agus bhí Cathaoirleach neamhspleach, Cathaoirleach CIÉ, agus Cathaoirligh na dtrí fho-chomhlachtaí (an cúigear uilig ina mBaill de Bhord CIÉ). Bhí cruinniú ag an choiste ceithre huaire le linn 2018.

I measc na bhpríomhdhualgas ag an Choiste, bhí:

- • cinntiú go gcuirfí polasaí an Rialtais agus Treoirlínte i bhfeidhm i dtaca leis an luach saothair iomlán agus i dtaca le socruithe eile aoisliúntais agus leasa foircinn an phríomhoifigigh oibriúchán ar CIÉ agus na bpríomhoifigigh ar na fo-chomhlachtaí;
- déanamh cinnte go gcuirfí polasaí an Rialtais i bhfeidhm maidir le luach saothair Bhaill an Bhoird;
- Socrú agus cur i bhfeidhm critéir lena bhféadfaí feidhmiú an Phríomhoifigigh Oibriúcháin an Ghrúpa a mheá, a bhí ag teacht le pleannanna corparáide a thairg an Bord agus a chuir spriocanna na scairshealbhóirí agus a sainordú stáitéiseach in iúl;
- Athbhreithniú agus deimhniú go raibh an creitéir oibriúcháin a raibh oibriú na bPhríomhfheidhmeannach ag na fo-chomhlachtaí measta i gcomhréir le na pleananna orparáide a thairg an Bord agus gur léirigh siad spriocanna na scairshealbhóirí agus ainordú stáitéiseach; agus
- cinntiú cur chuige comhordanaidithe ag pleanáil comharbais ar fud Grúpa CIÉ.

## Coiste Boird Stráitéise

Tá téarmaí tagartha scríofa ag an Choiste Boird Stráitéise agus is ceithrear atá mar bha (an triúr Cathaoirleach ar na fo-chomhlachtaí agus an cathaoirleach ar CIÉ). Bhí seacht gcruinniú ag an Choiste Stráitéise le linn 2018. I measc na bpríomhdhulgas ar thug an Coiste fúthu le linn na bliana bhí:

- comhordanáidiú ar phroiséas pleanála straitéisigh na gcomhlachtaí uilig i nGrúpa CIÉ, agus i gcomhar le na heochairshealbhóirí san ÚNI, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Aois Nua;
- impleachtaí Grúpa CIÉ ag moltaí an phleanála straitéisigh ag na Comhlachtaí Oibriúcháin a mheas;
- na cuspóirí ag, agus na pleananna feidhmithe ag an Ghrúpa Straitéise CIÉ a mheas;
- aithbhreithniú, coinnigh faoi athbhreithniú agus mol, mar is riachtanach le go nglacfadh an Bord, athchóirithe ag polasaí an Bhoird i leith fáltais, diúscarta agus forbartha punainn réadmaoine le haird ar riachtanais oibriúcháin reatha agus tadhchaíocha an Ghrúpa;
- impleachátaí maoinithe na straitéise gnó na gcomhlachtaí uilig i nGrúpa CIÉ i gcomhthéacs na nOibleagidí Seirbhise Poiblí agus oibriúchán tráchtála, agus an dá oibriúchán reatha agus infheistiú fadtearma a mheas;
- maoirseacht a sholáthar ar chomhordanáidiúú na ngíomhartha riachtanacha i measc comhlachtaí uilig Grúpa CIÉ i dtaca le díriú ar an mhí-oiriúnacht idir na hoibligeáidí agus na sócmhainní sna scéimeann pinsin: agus
- straitéis infheistíochta na gcistí pinsin a athbhreithniú i gcomhthéacs spriocanna maoinithe pinsean an Ghrúpa chomh maith leis an fheidhmíocht ag bainisteoirí infheistíochta na gcistí pinsin.

## Ráiteas Faoin Rialú Inmheánach

*Raon Feidhme na Freagrachta*

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá ceadaithe ag a gcuid bord aonair. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Eintiteas CIÉ (an tEintiteas). Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé ceadaithe ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus an Bord athbhreithniú ar an ráiteas seo lena chinntiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

*Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh*

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus níl chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar shí thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

*An Cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil*

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Eintiteas. I gCairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste, déantar foráil maidir le suas le triúr Comhaltaí Boird a cheapadh chuig an gCoiste, a nglacfaidh duine acu ról an Chathaoirligh. Sa chás nach dtagann comhdheánamh Bord CIÉ le na riachtanais bhallraíochta mar atá leagtha amach thuas, is féidir leis an Bhord Cathaoirleach Coiste agus Comhaltaí Coiste, nach Comhaltaí Boird iad, a cheapadh. Is Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin atá mar Chathaoirleach Coiste agus beirt chomhalta Coiste nach bhfuil ina gcomhaltaí de Bhord CIÉ atá ar an gcoiste faoi láthair. Tháinig an CIR le chéile cúig huaire in 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Eintiteas freisin, a bhfuil dóthain acmhainní aici agus a bhíonn ag gabháil do chlár oibre arna aontú leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an Eintiteas lena leagtar an fhreagracht as bainistíocht riosca ar an bPríomhoifigeach Airgeadais (nó duine feiliúnach eile den lucht bainistíochta), agus leagann an té sin amach struchtúr tuairiscithe, agus ceapann sé nó sí daoine cuí, mar atá sonraithe sa Chreat Bainistíochta Riosca. Is é Bord an Eintitis atá freagrach as an gCreat Bainistíocht Riosca agus is é a cheadaíonn é. Tá an Creat sin oiriúnaithe chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid cuspóirí straitéiseacha sonracha, agus chun a neamhchosaint ar rioscaí sonracha a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil, i gcomhthéacs an bheartais.

Is é an beartas atá ann ná a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm laistigh den Eintiteas chun na príomhrioscaí atá le sárú ag gach réimse den ghnó a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Is iad na príomhrioscaí iad siúd ar féidir leo dochar a dhéanamh dá cháil, dá acmhainn oibríochtúil nó dá acmhainn airgeadais, guaiseacha a chur faoi deara, nó é a stopadh óna chuspóirí a bhaint amach ar shlí ina léirítear drogall roimh rioscaí.

# *Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)*

### *An Creat Riosca agus Rialaithe*

Soláthraítear dearbhú riosca trí mheán na trí líne cosanta. Is é an príomhdhifríocht atá idir na trí líne cosanta ná a leibhéil neamhspleáchais ó ghníomhaíochtaí oibríochta an Eintitis agus ón Eintiteas féin.

I samhail rialachais atá bunaithe ar thrí líne cosanta, déantar idirdhealú idir acmhainní riosca, maoirseacht rioscaí agus maoirsiú rioscaí mar seo a leanas:

- Úinéireacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a ghlacann seilbh ar na rioscaí agus a dhéanann iad a bhainistiú mar chuid dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá (an chéad líne cosanta);
- Maoirseacht Riosca, eadhon na feidhmeanna a dhéanann maoirseacht ar rioscaí agus a chuireann dúshlán na bhfoirne bainistíochta go stuama (an dara líne cosanta); agus
- Maoirsiú Riosca, eadhon feidhmeanna a sholáthraíonn dearbhú neamhspleách (an tríú líne cosanta).

Tá Úinéireacht Riosca ailínithe le húinéireacht ghnó. Toisc go bhfuil na daoine atá i gceannas ar na rannóga freagrach as cuspóirí gnó a bhaint amach, is iad atá freagrach sa deireadh thiar, ina gcáil mar úinéirí riosca, as rioscaí a bhaineann lena gcuid réimsí freagrachta féin a aithint agus a bhainistiú. Feidhmíonn siad an fhreagracht sin trína chinntiú go gcuirtear aithint rioscaí san áireamh go hiomlán i ngníomhaíochtaí laethúla na ndaoine atá ag obair laistigh dá rannóga.

Sanntar riosca nua-aitheanta d'úinéirí riosca, is é sin, ceann na rannóige. Féadfaidh an té sin bainistíocht an riosca a leagan ar Bhainisteoir Riosca a bheidh freagrach as anailís agus meastóireacht bhreise a dhéanamh ar an riosca atá i gceist agus dul i ngleic leis.

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Eintiteas trí chóras bogearraí riosca ar féidir iniúchadh a dhéanamh air, OpRiskControl, a ceapadh lena chinntiú go nglacann Úinéirí Riosca agus baill foirne eile sna rannóga cur chuige comhsheasmhach, stuama ag gach céim den phróiseas bainistíochta riosca, ó aithint riosca go riosca a chur faoi bhráid leibhéal freagrachta níos airde. De réir ISO 31000, tá sé ina bheartas againn rioscaí a shainiú ar leibhéal is féidir a bhainistiú, is é sin, go ndéantar cur síos orthu ar shlí is leor ionas go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar mhéid féideartha agus dóchúlacht an teagmhais, agus bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Déanann an tÚinéir Riosca freagrach na rioscaí a mheas agus é nó í ag baint úsáid as Táblaí Critéar Riosca a forbraíodh ionas go luafar an Grád Riosca cuí le rioscaí atá lasmuigh d'Fhonn Riosca an Eintitis, agus go sannfar an leibhéal cuí maoirseachta dóibh.

### *Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach*

Bíonn gach riosca nua-aitheanta agus Príomh-Rioscaí, cinntí agus sonraí faoi aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi réir athbhreithnithe piaraí ag Foireann Feidhmiúcháin an Eintitis.

Cuimseofar sna tuarascálacha tréimhsiúla an méid seo a leanas mar bheart caighdeánach:

- Príomhrioscaí;
- Athruithe ar phríomhrioscaí;
- Rioscaí nua-aitheanta;
- Rioscaí atá ag teacht chun cinn;
- Forbhreathnú ar iomlán rioscaí an eintitis;
- Rioscaí a sáraíonn an fonn riosca agus na bearta maolaithe.

Ina dhiaidh sin cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na Rioscaí ag gabháil leo.

Chomh maith leis an méid thuasluaite, cuirtear gach Príomhriosca Ardleibhéil de chuid an Ghrúpa agus gach Riosca atá ag teacht Chun Cinn faoi bhráid Bhord Feidhmiúcháin CIÉ ionas go ndéanfaidh an Bord sin measúnú orthu i gcomhthéacs an Ghrúpa ar fad. Ina dhiaidh sin, cuirtear tuairisc ar Rioscaí uile an Eintitis, a stádas i leith Fonn Riosca agus a bhfeidhmíocht i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta faoi bhráid an CIR, gach ráithe, agus Tuairiscí faoi Mhionsonraí na rioscaí ag gabháil leo.

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí. Tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú,

- Rinneadh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla i dtaobh feidhmíochta agus cúrsaí airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

*Soláthar*

Tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha i dtaobh soláthair. Chuir CIÉ in iúl don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt roimhe seo go bhfuil tairseach €50,000 á cur i bhfeidhm aige maidir le neamhchomhlíonadh soláthair de bharr an méid ceannacháin a dhéantar laistigh de Ghrúpa CIÉ agus de bharr an chostais bhreise a ghabhann le faisnéis a sholáthar ag an teorainn íochtarach. Dírítear aird thíos ar nithe a eascraíonn i leith rialuithe maidir le soláthar.

Faigheann CIÉ a chuid árachais ó fhrithgheallaithe árachais, le tacaíocht ó bhróicéir árachais. Baintear leas as seirbhísí bróicéara árachais faoi nós imeachta a chomhlíonann na treoirlínte soláthair phoiblí. In 2011, bhunaigh CIÉ córas cáiliúcháin, is é sin próiseas soláthair phoiblí ceadaithe lena chur ar a chumas don bhróicéir árachais dul i gcomhairle le frithgheallaithe árachais a bhfuil a gcáiliúchán deimhnithe agus atá páirteach sa chóras cáiliúcháin. Ní dhearnadh athnuachan ar an gcóras cáiliúcháin sin, mar a éilíodh, in 2014. Athbhunaíodh an córas cáilíochta i C4 2018, tá soláthar árachais comhlíontach ón dáta sin. Is é luach bliantúil an árachais arna fhrithghealladh ná €3.6 mhilliún.

*Athbhreithniú ar Éifeachtacht*

Éilítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach 'ar bhonn tréimhsiúil' ar éifeachtacht chreat bainistíochta riosca gach Comhlachta Stáit. Fostaíodh Mazars chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chreat Bainistíochta Riosca an Eintitis i mí na Bealtaine 2017.

Fuarthas go raibh Creat Bainistíochta Riosca an Eintitis ag cloí leis an gCód.

Ina theannta sin, tá sé á dhearbhú ag an Eintiteas go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm aige chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a chuid nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Eintitis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus na hiniúchóirí seachtracha, an CIR, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta san Eintiteas atá freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá sé á dheimhniú ag an Eintiteas go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2018 de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

*Saincheisteanna a Bhaineann le Rialú Inmheánach*

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach, i dtaobh caillteanais ábhartha ná i dtaobh calaoisí i leith na bliana 2018 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Cé nár aithníodh sa bhliain reatha aon laigí sna rialuithe inmheánacha a léiríonn tionchar ábhartha ar na ráitis airgeadais i leith na bliana 2018 ná blianta ina dhiaidh sin, tá an Bord agus an Lucht Bainistíochta fós san airdeall ar laigí rialaithe agus fáiltíonn siad roimh aiseolas trí iniúchadh inmheánach, iniúchadh seachtrach agus réimsí eile monatóireachta leanúnaí agus athbhreithnithe leanúnaigh, i ndáil le moltaí faoi chóras rialaithe inmheánaigh an Eintitis a fheabhsú. Déanann an tEintiteas fiosrú ar gach tuairisc den sórt sin agus cuireann sé bearta i bhfeidhm ar bhonn na moltaí ar bhealach pras.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chinneann luach saothair na gComhaltaí Boird i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin i leith a ndualgas mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair freisin le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001, de réir a gconarthaí fostaíochta.

*Ráiteas Rialachais Chorparáidigh (ar lean)*

## Tinreamh ag cruinnithe an Bhoird/na gCoistí

Seo thíos tinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2018.

| Comhalta Boird | Bord CIÉ | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Luacha Saothair | An Coiste Straitéise |
|---|---|---|---|---|
| Fiona Ross | 4/4 | | 2/2 | 4/4 |
| Frank Allen | 7/7 | | 4/4 | 7/7 |
| Ultan Courtney | 7/7 | | 4/4 | 7/7 |
| Denise Guinan | 3/3 | | | |
| Stephen Hannan | 6/7 | | | |
| John Moloney | 1/2 | | | |
| Christine Moran | 5/5 | 2/2 | | |
| Aidan Murphy | 7/7 | | 2/3 | 6/7 |
| Tom O'Connor | 6/7 | | | |
| Ruairi O'Flynn | 3/4 | | | 3/4 |
| Liam O'Rourke | 2/3 | | | |
| Niamh Walsh | 3/4 | 2/2 | 2/2 | |
| Tommy Wynne | 6/7 | | | |

Luaite thíos tá tinreamh Chomhaltaí Coiste ag cruinnithe Coiste a reachtáladh le linn 2018.

| Comhalta Coiste | Bord CIÉ | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Luacha Saothair | An Coiste Straitéise |
|---|---|---|---|---|
| Patricia Golden *Comhalta Neamhbhoird* | | 3/3 | | |
| Brendan Lenihan *Comhalta Neamhbhoird* | | 3/3 | | |
| Aebhric McGibney *Comhalta Neamhbhoird* | | 3/3 | | |

## Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird deimhin go mbeidh dóthain acmhainní ag CIÉ agus ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar síníodh na ráitis airgeadais. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Dírítear d'aird ina leith sin ar Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Thar ceann an Bhoird**

**Fiona Ross**
*Cathaoirleach*

**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

**3 Aibreán 2019**

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) agus Ghrúpa CIÉ ('an Grúpa') a ullmhú de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Faoin dlí, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Ghrúpa CIÉ amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na Comhaltaí Boird na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, eisithe ag an Comhairle Tuairiscithe Airgeadais ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na Comhaltaí Boird ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Comhaltaí Boird:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí CIÉ a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh CIÉ agus an Grúpa i mbun gnó.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta CIÉ agus an Ghrúpa a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas CIÉ a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na Comhaltaí Boird a chinntiú gur ullmhaíodh ráitis airgeadais CIÉ agus an Ghrúpa de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Chomh maith leis sin, tá na Comhaltaí Boird freagrach as sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Comhaltaí Boird freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais atá ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

**Thar ceann an Bhoird**

**Fiona Ross**
*Cathaoirleach*

**Liam O'Rourke**
*Comhalta Boird*

**3 Aibreán 2019**

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha

don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
i leith Chóras Iompair Éireann ('CIÉ')

## Tuairisc ar an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

### Tuairim Maidir le Ráitis Airgeadais Chóras Iompair Éireann

Is é ár dtuairim i leith ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) agus Eintiteas CIÉ (an tEintiteas):

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus an Eintitis amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar chaillteanas an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais;
- an Ráiteas Comhdhlúite um Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite um Athruithe ar Chothromas;
- an Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí 1 go 32 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1.

Ráitis airgeadais an Eintitis:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas um Athruithe ar Chothromas;
- na nótaí 1 go 32 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm agus ráitis airgeadais an Ghrúpa á n-ullmhú ná an tAcht Iompair, 1950 agus FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha').

### Bunús Leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid 'Na freagrachtaí atá ar an Iniúchóir maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais' den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Eintiteas de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir leis an iniúchadh a dhéanaimid ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bunús a thabhairt leis an tuairim uainn.

### Conclúidí a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas a gceanglaítear orainn faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit más rud é:

- nach cuí do na Comhaltaí é leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nár nocht na Comhaltaí sna ráitis airgeadais aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a aithníodh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chothú faoi chumas an Ghrúpa nó an Eintitis leanúint de bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

## Faisnéis Eile

Is iad na Comhaltaí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisciúil an iniúchóra uainn ina leith. Ní chuimsítear sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite sa tuarascáil uainn, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó ar cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Má aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráiteas a ndealraíonn sé gur míráiteas ábhartha é, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

## Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí Boird

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird, is iad na Comhaltaí Boird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith deimhin gur léargas fíorcheart a thugtar iontu agus go gcomhlíonann siad an tAcht Iompair, 1950 i ngach aon slí eile, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na Comhaltaí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na Comhaltaí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus an Eintitis leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na Comhaltaí an Grúpa agus an tEintiteas a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

## Na Freagrachtaí atá ar an Iniúchóir as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Ardleibhéal dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Déanaimid na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar freagra ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhráth ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois;
- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá rialú inmheánach an Ghrúpa agus an Eintitis;
- Déanaimid measúnú ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na Comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad;

*Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha (ar lean)*

- Tugaimid breith ar a oiriúnaí a bhí sé ag na Comhaltaí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar an gcumas atá ag an nGrúpa agus an Eintiteas leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil iniúchóra uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uainn a mhodhnú. Tá ár gcuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina chúis leis go scoirfidh an tEintiteas nó, i gcás inarb ábhartha, an Grúpa, d'fheidhmiú mar ghnóthas leanúnach; Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha (ar lean) Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ 2017 52 53 Athbhreithniú Ráitis Airgeadais Ráiteas Chomhaltaí an Bhoird Buaicphointí
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha;
- Faighimid fianaise iniúchóireachta iomchuí leordhóthanach maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa chun tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais (comhdhlúite). Is é an grúpiniúchóir atá freagrach as treo, maoirseacht agus feidhmíocht an iniúchta ar an ngrúpa. Is é an grúpiniúchóir amháin atá freagrach as an tuairim iniúchta.

Déanaimid cumarsáid leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus dó sin amháin de réir Alt 34 (2)(a) den Acht Iompair, 1950. Cuireadh i gcrích ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis a lua leis an Aire na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leis i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Sa mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an tEintiteas agus an tAire as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

## Rialála Eile Nithe Nach Mór Dúinn Tuairisc a Thabhairt Orthu ar Bhonn Eisceachta

Ar bhonn an eolais agus na tuisceana ar an nGrúpa agus an Eintiteas agus a dtimpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithníomar míráitis ábhartha i ráiteas an Chathaoirligh.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) ('an Cód Cleachtais'), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Ar son agus thar a cheann Deloitte Ireland LLP**

*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla*
*Áras Deloitte & Touche,*
*Ardán Phort an Iarla,*
*Baile Átha Cliath 2*

**3 Aibreán 2019**

# Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

*Sochair Iarfhostaíochta*

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Cuimsítear iad seo a leanas i gcostas na bpleananna sochar sainithe, arna n-aithint sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin má tá siad san áireamh i gcostas sócmhainne:

(a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus

(b) An costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglandliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglandliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus caillteanais mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thoimhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar an nglandliteanas sochar sainithe leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

### *(W) Breithiúnais Ríthábhachtacha maidir le Beartais Chuntasaíochta an Ghrúpa a Chur i bhFeidhm*

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe*

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

*(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad achtúirí na scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníoctha á gcinneadh. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhír, agus de bharr athruithe ar thoimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanais pinsean amach anseo a luacháil.

*(iii) Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair breise a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (l) thuas. Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (e) thuas.

Tá breithiúnas tugtha ag an nGrúpa ar aitheantas sócmhainne agus an deontais chomhfhreagraigh i gcásanna ina gcuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair sócmhainní bus ar fáil don Ghrúpa faoi chomhaontú léasúcháin.

Níor tháinig aon athrú sonrach ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an Údaráis Náisiúnta Iompair, mar a forordaíodh sa Chonradh Dámhachtana Dírí 2014 – 2019. Tá an Grúpa ag fáil an ceart úsáid a bhaint as an tsócmhainn don chuid is mó de shaol eacnamaíoch na mbusanna ar chíos bliantúil nach fhreagraíonn do luach na sócmhainne atá ar léas. Sa bhreis air sin, aistrítear na rioscaí agus na sochair airgid go léir a bhaineann le húinéireacht chuig an nGrúpa nuair a fhaightear an bus.

Is ionann costas na bhfeithicil paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus luach margaidh oscailte bhus coibhéiseach nó costas an bhus coibhéisigh is deireanaí faighte ag an nGrúpa.

Beidh costas na bhfeithicil paisinéirí bóthair arna bhfáil faoi chomhaontú léasúcháin bus comhionann le luach margaidh oscailte bhus coibhéiseach nó costas an bhus coibhéisigh is deireanaí faighte ag an nGrúpa.

Déanfaidh an Grúpa na meastacháin agus breithiúnais sin a athbhreithniú agus a bhreithniú go tréimhsiúil le haon athrú conartha nó aon athrú ar na cúinsí a aimsiú.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 15 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 2 Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoina nglactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag CIÉ agus ag Grúpa CIÉ ('an Grúpa') chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí ón dáta ar ar ceadaíodh ráitis airgeadais 2018 don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2019.

### Cúlra

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí glandliteanas €410 milliún (2017: €636 milliún) ar na nGrúpa agus bhí glandliteanas reatha €184 milliún (2017: €200 milliún) air. Áirítear leis an nglandliteanas reatha míreanna neamhairgid €261 milliún (2017: €264 milliún) a bhaineann le hioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil agus ioncam iarchurtha, níl tiomantas airgeadais ag baint le deontais caipitil agus úsáidtear iad de réir dímheas an socmhainní. Dá bhrí sin, gan na míreanna neamhairgid sin san áireamh, tá glansócmhainní reatha €77 milliún (2017: €64 milliún) ag an nGrúpa. Áirítear le glandliteanas reatha an Ghrúpa dliteanais a bhaineann le hoibleagáidí pinsean le sochar sainithe €547 milliún (2017: €784 milliún) agus ioncam iarchurtha i ndáil le deontais chaipitil €2,421 milliún (2017: €2,494 milliún).

### An Neamhchinnteacht atá le Sárú ag an nGrúpa

Ainneoin feabhas a bheith fós ag teacht ar an bhfeidhmíocht trádála in 2018, tá an Grúpa fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach gnó óna n-eascraíonn ábhair neamhchinnteachta.

Cé go bhfuil muinín ag an lucht bainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na leibhéal foriomlán airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí faoi réir roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha, a éilíonn go ndéanfaidh an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhábhair neamhchinnteachta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an nGrúpa amach anseo faoi na ceannteidil seo a leanas:

#### *Ioncam*

Tá comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i mbuiséad na bliana bunaithe ar thoimhdí éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar an líon aistear paisinéirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus táillí eile.

#### *Costais Oibriúcháin*

Baineann fíorthábhacht go fóill leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéal cuí mar atá sonraithe i bpleananna an Ghrúpa. Is toimhdí suibiachtúla a úsáideadh chun an plean á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

Thosaigh clár athstruchtúraithe i 2017 i dtaca le todhchaí fadtéarmach Bus Éireann. Ag leanúint cur i bhfeidhm rathúil an Chláir Claochlaithe d'fhill Bus Éireann ar bhrábúsacht roimh mhíreanna eisceachtúla i 2018. Bhain Bus Éireann amach príomhghnéanna an Chláir Chlaochlaithe agus táthar ag tuar bisithe leanúnacha.

Ach, bhí athchaipitiliú riachtanach mar gheall ar mheath i gclár comhordaithe Bus Éireann agus riachtanas comhlíonaithe a dhéanann coinníoll go mbeadh cúlchiste le híosmhéid €5 milliún ag an gcuideachta le Ceadúnas Oibreora um Iompar Paisinéirí Bóthair a aimsiú.

Tar éis athbhreithniúchán dian de chur i bhfeidhm an Chláir Chlaochlaithe agus pleananna cúig bliana, mhéadaigh CIÉ a infheistíocht i mBus Éireann de €37 milliún le cinntiú go raibh Bus Éireann caipitlithe go leor le tabhairt faoina oibríochtaí ar bhun leanúnach,

*Costais Infheistíochta*

Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don lucht bainistíochta is ea é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cuí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2019 ag brath ar chistiú breise don chaiteachas caipitiúil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh cistiú i gcomhair na hinfheistíochta ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin.

Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cuí cistithe a bheith ar fáil ón Rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

Tá inbhuanaitheacht an Ghrúpa an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann leis infheistíocht sa todhchaí a chistiú.

Dúshlán nach beag do gach páirtí leasmhar is ea cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás ina mbeidh gannchion sa leibhéal cistithe, beidh an riosca ann nach mbeidh sreabhadh airgid ag an ngrúpa ar leor é chun a chobhsaíocht airgeadais a chinntiú i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh srian ar an gcaipiteal oibre agus beidh gá le monatóireacht leanúnach. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolaitheacha le féachaint chuige nach ndéanfaí sárú ar na cúnaint airgeadais fhoriomlána, dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go mba leor an sreabhadh airgid i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a ghlanadh de réir mar a bheidh siad dlite.

Mar mhaolú, bainistíonn an Grúpa an t-údarú ar infheistíochtaí ábhartha agus iarrann sé deimhniú ar chistiú cuí a bheith ar fáil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt nó ón Údarás Náisiúnta Iompair roimh dhul ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí sin.

I mí na Samhna 2018 mhol an tÚdarás Náisiúnta Iompair:

- Go mbronnfaí conradh 100% úr le soláthar seirbhísí poiblí bus i gceantar Bhaile Átha Cliath ó Nollaig 2019 ar Bhus Átha Cliath ar feadh tréimhse cúig bliana.
- Go mbronnfaí conradh úr le soláthar seirbhísí poiblí bus taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath ar feadh tréimhse cúig bliana, ach amháin seirbhísí, tuairim agus 5%, san áit a mbeidh conradh dírbhronnta ar feadh tréimhse nach mbeidh níos faide ná dhá bhliain, ag éag i 2021.

Tá an ÚIN ag moladh conradh seirbhísí poiblí a bhronnadh go díreach ar Iarnród Éireann le soláthar seirbhísí iompair paisinéirí poiblí ar iarnród le dáta tosaithe ar 1 Nollaig 2019, tar éis dul as feidhm don chonradh dírbronnta reatha ar 30 Samhain 2019. Tá sé i gceist go mairfidh an conradh dírbhronnta ar feadh tréimhse deich mbliana.

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### *Leachtacht*

Amhail Eanáir 2018, tá leasú agus síneadh ar a shaoráid bhaincéireachta faighte ag Grúpa CIÉ. Is ionann an tsaoráid agus saoráid thiomanta de €108 milliún do thréimhse thosaigh de chúig bliana, le dhá rogha chun síneadh bliana a chur le comhaontú an dá pháirtí, ag deireadh bhliain a haon agus bhliain a dó den tsaoráid. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí €28 milliún tarraingthe anuas ag an nGrúpa faoi na saoráidí iasachta téarmaí. Ba é €80 milliún an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon an Grúpa iad ar fad in 2017. Creideann an lucht bainistíochta go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag comhlíonadh na gcúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar úsáid iarbhír agus úsáid thuartha a chuid saoráidí baincéireachta agus ar chomhlíonadh na gcúnant airgeadais laistigh dá shaoráidí. Tá glan-iarmhéid airgid de €221 milliún ag an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2018.

### *Pinsin*

Tá easnamh i scéimeanna pinsean an Ghrúpa agus tháinig laghdú mór ar an dliteanas ina leith i rith na bliana. D'eascair an laghdú ar an dliteanas den chuid is mó as an ráta úis íseal atá i réim in Éirinn agus thar lear. Tá na margaí airgeadais fós luaineach, tá na scéimeanna fós faoi lé gluaiseachtaí suntasacha sna rátaí úis bunúsacha faoina dtomhaistear na dliteanais agus i luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

Measann an Grúpa gurb é an cur chuige cuí is ceart a ghlacadh san fhadtréimhse chun an riosca sin a mhaolú ná na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí i gcomhairle leis an bhfoireann. Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ó rioscaí. Bainistíonn an Grúpa a bhuiséid lena chinntiú go gcoinnítear cuntas cuí, sa ghearrthéarma, ar impleachtaí airgid a chuid oibleagáidí pinsin.

## Gníomhaíochtaí an Lucht Bainistíochta

Chomh maith leis na bearta maolaitheacha a bhfuil cuntas orthu thuas, tá roinnt beart curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag lucht bainistíochta an Ghrúpa agus CIÉ, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Plé a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Plé le ionadaí foirne le bearta a aontú chun dul i ngleic le suíomh airgeadais cistí pinsean and Ghrúpa.
- Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm tionscnaimh spárála costais agus ag déanamh dianmhonatóireachta orthu.
- Dianmhonatóireacht ag an bhfoireann bhainistíochta ar an staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint

## Litir Thacaíochta

Ag cloí le ceanglais an Chóid Chleachtais ag Comhlachtaí Stáit an Rialtais cheadaigh CIÉ plean leanúnach cúig bliana a léiríonn cuspóirí an scairshealbhóra, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an mhandáid straitéiseach agus dhleathach ag CIÉ.

Mar atá léirithe thuas, d'aontaigh an Bord le síneadh ar na saoráidí baincéireachta le linn 2018 ar an bhonn geallta, ar feadh cúig bliana eile. Tugann an Bord faoi deara agus fáiltíonn sé roimh na moltaí ag an Údarás Náisiúnta Iompair conarthaí a phronnadh ar Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus ar Iarnród Éireann le soláthar seirbhísí iompair poiblí a shíneann thar thréimhse 12 mí ón dáta ceadaithe ag na ráitis airgeadais seo.

I 2018, fuair CIÉ Litir Thacaíochta ón RITaS, ag tabhairt chun críche ráiteas airgeadais 2017. I 2019, phléigh CIÉ agus an RITS cé acu, i bhfianaise na mbreithniúchán meáite léirithe thuas, go raibh riachtanas leanúnach ar Litir Thacaíochta. Aontaíodh, i gcomhthéacs pleananna cead cúig bliana an Ghrúpa agus a sheasamh reatha airgeadais, nach bhfuil gá le Litir Thacaíochta mar í.

## Focal Scoir

I ndiaidh fiosrúchán cuí a dhéanamh agus an neamhchinnteacht agus na bearta maolaitheacha thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála an Ghrúpa agus a shaoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an Ghrúpa agus CIÉ maidir le sreabhadh airgid, agus chun cúnant airgeadais an Ghrúpa faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta an Ghrúpa a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo.

Agus aird ar an méid atá sonraithe thuas, chinn na Comhaltaí Boird nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus CIÉ chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 3 Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léiríonn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

| | CIÉ €000 | CIÉ Tours International €000 | Bus Átha Cliath €000 | Bus Éireann €000 | Iarnród Éireann €000 | Iomlán 2018 €000 | Iomlán 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthas iarnróid | | | | | 235,742 | 235,742 | 220,153 |
| Rannóg lasta | | | | | 4,420 | 4,420 | 4,868 |
| Calafort Ros Láir | | | | | 10,620 | 10,620 | 11,100 |
| Seirbhísí iarnróid eile | | | | | 30,109 | 30,109 | 28,642 |
| Seirbhísí bóthair do phaisinéirí | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | | | 262,685 | | | 262,685 | 251,674 |
| – Seirbhísí eile | | | | 337,582 | | 337,582 | 309,289 |
| Turais | | 123,253 | | | | 123,253 | 106,602 |
| Príomhghníomhaíochtaí gnó | 4,597 | | | | | 4,597 | 4,363 |
| Ioncam idirghrúpa | (4,595) | | | | | (4,595) | (4,361) |
| **Ioncam ó oibríochtaí** | **2** | **123,253** | **262,685** | **337,582** | **280,891** | **1,004,413** | **932,330** |
| Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'): | | | | | | | |
| – Ioncam OSP *(Nóta 12)* | | | 41,134 | 52,825 | 89,327 | 183,286 | 209,974 |
| – Deontais eile ón Státchiste *(Nóta 12)* | | | | | 125,814 | 125,814 | 95,988 |
| – Deontais ioncaim *(Nóta 12)* | | | 720 | | 711 | 1,431 | 162 |
| **Ioncam iomlán** | **2** | **123,253** | **304,539** | **390,407** | **496,743** | **1,314,944** | **1,238,454** |

## 4 Costais an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cistiú Bonneagair** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 125,814 | 95,988 |
| Muirir rochtana rianta | 70,902 | 79,534 |
| Ioncam tríú páirtí | 26,994 | 25,476 |
| **Ioncam iomlán** | **223,710** | **200,998** |
| | | |
| An párolla agus costais ghaolmhara | (110,699) | (105,003) |
| Ábhair agus seirbhísí | (113,324) | (92,509) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitil | (5,145) | (5,300) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(229,168)** | **(202,812)** |
| | | |
| **TRÚCDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **(5,458)** | **(1,814)** |
| Costais eisceachtúla | (978) | (926) |
| Brabús ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | 13 | – |
| | | |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús** | **(6,423)** | **(2,740)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (405) | (601) |
| | | |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **(6,828)** | **(3,341)** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 5 An Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 514,388 | 501,091 |
| Costais leasa shóisialaigh | 49,616 | 47,207 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir | 78,476 | 74,497 |
| | 642,480 | 622,795 |
| Obair dhílis chaipitlithe | (11,226) | (13,581) |
| **Glanchostais foirne** | **631,254** | **609,214** |
| | | |
| Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird | | |
| – i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird | 174 | 188 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 253 | 201 |
| – scaoilíocaíocht dheonach | 121 | – |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird** | **548** | **389** |
| | | |
| **Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar** | **631,802** | **609,603** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €11.2 milliún (2017: €13.6 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €631.3 milliún (2017: €609.2 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 407,766 | 389,611 |
| Ragobair | 29,859 | 31,389 |
| Liúntais | 76,763 | 80,091 |
| | **514,388** | **501,091** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| €50,001 go €75,000 | 3,877 | 3,580 |
| €75,001 go €100,000 | 579 | 493 |
| €100,001 go €125,000 | 109 | 85 |
| €125,001 go €150,000 | 28 | 15 |
| €150,001 go €175,000 | 15 | 17 |
| €175,001 agus os cionn | 16 | 12 |

## Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | | |
| Fiona Ross (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin) | 16,233 | – |
| Vivienne Jupp (Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin) | – | 16,354 |
| Frank Allen | 21,600 | 13,936 |
| Ultan Courtney | 20,984 | 20,877 |
| Phil Gaffney | – | 11,214 |
| Denise Guinan | 6,864 | – |
| Stephen Hannan | 15,750 | 1,313 |
| Bill McCamley | – | 1,916 |
| Aebhric McGibney | – | 13,306 |
| John Moloney | 6,563 | 15,750 |
| Christine Moran | 8,177 | 15,750 |
| Aidan Murphy | 21,600 | 14,339 |
| Tom O'Connor | 15,750 | 15,750 |
| Ruairi O'Flynn | 8,841 | 15,750 |
| Liam O'Rourke | 5,085 | – |
| Niamh Walsh | 8,841 | 15,750 |
| Tommy Wynne | 15,750 | 15,750 |
| | **172,038** | **187,755** |

# *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,272 | 1,150 |
| Costais leasa shóisialaigh | 103 | 90 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 252 | 126 |
| Sochair foirceannadh fostaíochta | 121 | 171 |
| | **1,748** | **1,537** |

## Speansais na Stiúrthóirí:

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothabháil, taisteal agus lóistín | 3 | 2 |
| | **3** | **2** |

Léirítear cúiteamh íoctha nó iníoctha le Príomhoifigeach Oibriúcháin agus Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 882 | 786 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 238 | 118 |
| Sochair foirceannadh fostaíochta | – | 171 |
| | **1,120** | **1,075** |

## Foirceannadh Fostaíochta agus Scaoilíocaíocht

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Scaoilíocaíocht | 983 | 17,866 |
| | **983** | **17,866** |

**Líon na mBall Foirne**

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| CIÉ | 278 | 259 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail | 3,782 | 3,803 |
| Bus Éireann – Irish Bus | 2,562 | 2,530 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | 3,424 | 3,506 |
| | **10,046** | **10,098** |

## 6 Costais Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Breosla, leictreachas agus bealaidh | 85,261 | 84,122 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 1,352 | 1,368 |
| Rátaí | 4,722 | 4,083 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | 527 | 427 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 5,179 | 5,281 |
| Conraitheoirí scoile | 165,155 | 147,635 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 14,751 | 14,919 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 375,450 | 340,450 |
| Costais oibriúcháin pinsean | 1,594 | 1,553 |
| | **653,991** | **599,838** |

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil | 1,272 | 1,488 |
| Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil | 923 | 750 |
| Fáilteachas | 123 | 113 |
| | **2,318** | **2,351** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

**Luach Saothair na nIniúchóirí:**

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Deloitte LLP Ireland i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Iniúchóir reachtúil | | |
| – Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa | 192 | 204 |
| – Seirbhísí ráthaíochta eile | 35 | 61 |
| – Seirbhísí comhairleoireachta cánach | 24 | 47 |
| – Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúchóireacht | 276 | 115 |
| | **527** | **427** |

Luaitear an t-easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Fardal a ídíodh | 153,954 | 158,840 |
| Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | 2,912 | 785 |
| Caillteanais/(gnóthacháin) malairte eachtraí | 482 | (1,520) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (1,396) | (12,204) |
| Léasanna oibriúcháin | 5,179 | 5,251 |
| Athstruchtúrú an ghnó | 7,736 | 19,710 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 263,552 | 274,596 |
| Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe | 3,269 | 3,654 |
| Amúchadh deontas | (223,779) | (229,370) |

## 7 Míreanna Eisceachtúla

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú an ghnó | 1,060 | 19,710 |
| Cúlchiste scoile aisíoctha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna | 6,676 | – |
| | **7,736** | **19,710** |

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana: Bus Átha Cliath €0.07 milliún, Bus Éireann €1.26 milliún agus Iarnród Éireann (€0.27) milliún.

## 8 Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe *(Nóta 14)* | 3,269 | 3,654 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe *(Nóta 15)* | 263,552 | 274,596 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(Nóta 23)* | (223,779) | (229,370) |
| | **43,042** | **48,880** |

## 9 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Brabús ar dhiúscairt talún agus foirgneamh | 960 | 11,865 |
| Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra | 436 | 339 |
| | **1,396** | **12,204** |

## 10 Glanchostas Úis

### (a) Ús Infhála agus Muirir dá Shamhail

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha** | **266** | **104** |

### (b) Ús Iníoctha agus Muirir dá Shamhail

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí agus ar rótharraingtí | 1,201 | 1,981 |
| Ús iníoctha ar léasanna airgeadais | 6 | 14 |
| Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais | 1,207 | 1,995 |
| | | |
| Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe | 13,082 | 12,514 |
| Leachtú na soláthairtí lascaine | 174 | 137 |
| **Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail** | **14,463** | **14,646** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### (c) Glanchostas Úis

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Ús infhála agus muirir dá shamhail | 266 | 104 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (14,463) | (14,646) |
| **Glanchostas úis** | **(14,197)** | **(14,542)** |

## 11 Cáin Ioncaim

### (a) Costas Cánach san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Muirear cánach corparáide eachtraí ar an mbrabús don bhliain airgeadais | 83 | 1,114 |
| *Costas cánach reatha don bhliain airgeadais* | 83 | 1,114 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **83** | **1,114** |

### (b) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint san Ioncam Cuimsitheach Eile

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| – Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile** | **–** | **–** |

### (c) Costas Cánach a bhaineann le Míreanna arna nAithint sa Chothromas

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas** | **–** | **–** |

### (d) Réiteach an Chostais Cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an mbarrachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, is é sin 12.5% (2017: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (34,428) | (41,915) |
| Barrachas/(easnamh) méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018, is é sin 12.5% (2017: 12.5%) | (4,304) | (5,239) |
| Tionchar de bharr: | | |
| Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (61,906) | (62,789) |
| Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear | (292) | 1,783 |
| Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 1,165 | 623 |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla | 29,854 | 27,501 |
| Úsáid na gcaillteanas cánach | (3,066) | – |
| Caillteanais chánach neamhfhaoisimh arna dtabhairt ar aghaidh | 34,567 | 32,427 |
| Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde | 3,360 | 6,662 |
| Difríochtaí eile | 705 | 146 |
| **Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **83** | **1,114** |

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €935 milliún (2017: €917 milliún) maidir le caillteanais charntha arna dtabhairt ar aghaidh, toisc nach cinnte go ndéanfar iad a aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 12 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha ón Aontas Eorpach lena rialaítear Cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 183,286 | 209,974 |
| Deontais eile ón Státchiste | 125,814 | 95,988 |
| Deontais ioncaim eile | 1,431 | 2,330 |
| | **310,531** | **308,292** |
| **Clár Comhardaithe** | | |
| Deontais chaipitil | 96,608 | 138,048 |
| Cistiú iarchurtha | 21,134 | – |
| Deontais chaipitil eile | 2,725 | 2,418 |
| **Iomlán na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus na nDeontas eile ón Státchiste** | **430,998** | **448,758** |
| **Fo-Cheannteideal B7 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus (ioncam) | 41,134 | 47,482 |
| Bus Éireann – Irish Bus (ioncam) | 52,825 | 47,713 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (ioncam) | 89,327 | 114,779 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (caipiteal) | 35,000 | 32,202 |
| | **218,286** | **242,176** |
| **Fo-Cheannteideal B8 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Infheistíocht Chaipitiúil** | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (ioncam) | 125,814 | 95,988 |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (caipiteal) | 34,186 | 62,783 |
| Deontais ón Státchiste i gcomhair bonneagair agus infheistíocht chaipitiúil | 30,147 | 45,439 |
| OSP iarchurtha | 21,134 | – |
| Deontais eile ón Státchiste | 1,431 | 2,372 |
| | **212,712** | **206,582** |
| **Cistiú iomlán faoi Vóta 31 de chuid Dháil Éireann** | **430,998** | **448,758** |
| **Iomlán na ndeontas OSP agus na ndeontas ón Státchiste** | **430,998** | **448,758** |

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe a cheadaítear faoi Alt 24 de FRS102.

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Áirítear deontais ioncaim sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

| | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Iomlán | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2018 €000** | **2018 €000** | **2018 €000** | **2017 €000** | **2017 €000** | **2017 €000** |
| Caipiteal faoi Vóta B8 | 160,000 | 84,006 | 244,006 | 158,770 | 76,259 | 235,029 |
| Inrochtaineacht faoi Vóta B8 | – | 981 | 981 | – | 1,337 | 1,337 |
| **Iomlán** | **160,000** | **84,987** | **244,987** | **158,770** | **77,596** | **236,366** |

Tá foinse na gcistí ón Stát a fuarthas le linn na mblianta féilire 2017 agus 2018 teoranta do thionscadail ar leith.

## 13 CIÉ Net Result for the Year

Rinne Eintiteas CIÉ glancaillteanas €31.6 milliún i leith na bliana (2017: caillteanas €19.9 milliún).

Rinneadh athlua méid comparáideach ón bliain roimhe a uasdátú le tionchar fálú ar an sreabhadh airgid ón ghlanchaillteanas a chuir as an áireamh. Tá tionchar an fálú ar an sreabhadh airgid san áireamh san Ioncam Cuimsitheach Eile.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 14 Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

### An Grúpa

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 7,251 | 7,251 |
| Breiseanna | 5,802 | 5,802 |
| Diúscairtí | (20) | (20) |
| Amúchadh | (3,654) | (3,654) |
| **Suim ghlanluacha** | **9,379** | **9,379** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | | |
| Costas | 66,344 | 66,344 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (56,965) | (56,965) |
| **Suim ghlanluacha** | **9,379** | **9,379** |
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 9,379 | 9,379 |
| Breiseanna | 6,668 | 6,668 |
| Diúscairtí | – | – |
| Amúchadh | (3,269) | (3,269) |
| **Suim ghlanluacha** | **12,778** | **12,778** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | |
| Costas | 73,012 | 73,012 |
| Athaicmiú | (23,936) | (23,936) |
| | **49,076** | **49,076** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (60,234) | (60,234) |
| Athaicmiú | 23,936 | 23,936 |
| | **(36,298)** | **(36,298)** |
| **Suim ghlanluacha** | **12,778** | **12,778** |

### Eintiteas CIÉ

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 180 | 180 |
| Breiseanna | 1,485 | 1,485 |
| Diúscairtí | – | – |
| Amúchadh | (88) | (88) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,577** | **1,577** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | | |
| Costas | 17,405 | 17,405 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (15,828) | (15,828) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,577** | **1,577** |
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 1,577 | 1,577 |
| Breiseanna | 800 | 800 |
| Diúscairtí | – | – |
| Amúchadh | (185) | (185) |
| **Suim ghlanluacha** | **2,192** | **2,192** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | |
| Costas | 18,205 | 18,205 |
| Athaicmiú | (95) | (95) |
| | **18,110** | **18,110** |
| Amúchadh agus lagú carntha | (16,013) | (16,013) |
| Athaicmiú | 95 | 95 |
| | **(15,918)** | **(15,918)** |
| **Suim ghlanluacha** | **2,192** | **2,192** |

Cuimsítear bogearraí ríomhaire sna sócmhainní doláimhsithe. Déantar bogearraí ríomhaire a thomhas ar a gcostas lúide caillteanais charntha de bharr amúchadh agus lagú. Níor aithníodh aon chaillteanais de bharr lagú sa bhliain (2017: €nialas). Déantar bogearraí ríomhaire a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, atá idir 3 agus 5 bliana.

# 15 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

## Grúpa

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid | Rothstoc Iarnróid | Feithiclí Paisinéirí Bóthair | Feithiclí Lasta Bóthair | Talamh agus Foirgnimh | Gléasra agus Innealra | Comhar-thaíocht | Dugaí, Cuanta agus Céanna | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2017** | | | | | | | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 860,979 | 537,550 | 241,583 | 769,354 | 165,090 | 347,686 | 31,575 | – | 2,953,817 |
| Breiseanna | 40,174 | 35,393 | 65,401 | 7,602 | 30,629 | 5,310 | 204 | – | 184,713 |
| Athaicmiú | 5,435 | (143) | – | (5,435) | 122 | 21 | – | – | – |
| Diúscairtí | (534) | (161) | (64) | (615) | (234) | – | – | – | (1,608) |
| Dímheas | (70,083) | (85,409) | (50,580) | (16,762) | (29,476) | (21,030) | (1,256) | – | (274,596) |
| **Suim ghlanluacha** | **835,971** | **487,230** | **256,340** | **754,144** | **166,131** | **331,987** | **30,523** | **–** | **2,862,326** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017** | | | | | | | | | |
| Costas | 2,245,056 | 1,479,780 | 777,328 | 949,507 | 688,691 | 632,200 | 57,373 | – | 6,829,935 |
| Dímheas agus lagú carntha | (1,409,085) | (992,550) | (520,988) | (195,363) | (522,560) | (300,213) | (26,850) | – | (3,967,609) |
| **Suim ghlanluacha** | **835,971** | **487,230** | **256,340** | **754,144** | **166,131** | **331,987** | **30,523** | **–** | **2,862,326** |

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid | Rothstoc Iarnróid | Feithiclí Paisinéirí Bóthair | Feithiclí Lasta Bóthair | Talamh agus Foirgnimh | Gléasra agus Innealra | Comhar-thaíocht | Dugaí, Cuanta agus Céanna | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
